# Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna

# Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Réamhrá ........ 4

1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú? ........ 5

2. Cad iad príomhghnéithe na samhla athbhreithnithe? ........ 5

3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail athbhreithnithe leithdháilte a chur i bhfeidhim go héifeachtach? ........ 6

Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ........ 7

Céim 1: Conas is féidir linn riachtanais a aithint? ........ 7

Céim 2: Conas is féidir linn freastal ar riachtanais ? ........ 16

Múinteoireacht agus foghlaim éifeachtach: Ról an mhúinteora ábhair ........ 16

Luath-idirghabháil agus cosc ........ 17

Socrú spriocanna ........ 21

Céim 3: Cónas is féidir linn monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar thorthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ? ........ 22

4. Conas is féidir le scoileanna acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh? ........ 23

Ullmhú tráthchlár ........ 23

Leithdháileadh tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a phleanáil ........ 25

5. Conas is féidir le cur chuige scoile uile an soláthar do dhaltaí a bhreisiú? ........ 27

Oideachas cuimsitheach ........ 28

Pleanáil scoile uile ........ 30

Ról an phriomhoide scoile ........ 30

Foireann riachtanas speisialta oideachais ........ 31

Caidreamh le tuismitheoirí ........ 34

Caidreamh le daltaí ........ 33

Caidreamh le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha ........ 35

Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ........ 38

Aguisín 1: Socrú spriocanna mar chuid den chreat fadhbréitigh ...... Error! Bookmark not defined.

Aguisín 2: Plean soláthar scoile do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais ........ 41

Aguisín 3: Cás-staidéar ón tionscadal píolótach ........ 43

**Aguisín 4: Treoirlínte d'iar-bhunscoileanna Gaeilge. ........ 45**

**Aguisín 5: Ag féachaint ar ár scoil 2016 – Creat cáilíócht d'iar-bhunscoileanna ........ 48**

**Aguisín 6: Ceistneoir féinmhachnaimh ........ 49**

**Aguisín 7: Rannpháirtíocht tuismitheoirí ........ 55**

**Doiciméid Acmhainne ........ 57**

## Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna – Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

## Réamhrá

Is é príomhchuspóir an doiciméid seo comhairle a chur ar scoileanna maidir leis an tslí le hacmhainní breise múinteoireachta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a úsáid, a eagrú agus a chur ar fáil. Cuirtear an treoir seo ar fáil i gcomhthéacs na samhla athbhreithnithe chun acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh, samhail a bheidh á thabhairt isteach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) i Meán Fómhair 2017. Cuirtear soláthar éifeachtach ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu laistigh de chreat cuimsitheach scoile uile ina leagtar béim ar mhúinteoireacht agus foghlaim éifeachtach do chách agus ar chomhoibriú agus teagmháil chuiditheach idir scoileanna, tuismitheoirí/caomhnóirí[1] agus daltaí. Tá i gceist leis na treoirlínte seo tógáil ar an dea-chleachtas atá i scoileanna cheana féin agus comhlánú a dhéanamh ar an gcomhairle a tugadh in *Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Treoirlínte Iar-bhunscoile* (ROS, 2007).

## Eolas ar na treoirlínte seo

Léirítear sna treoirlínte seo dea-chleachtas in oideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cuirtear ar fáil iad chun cuidiú le scoileanna díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú?
2. Cad iad príomhghnéithe na samhla athbhreithnithe?
3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail athbhreithnithe leithdháilte a chur i bhfeidhim go héifeachtach?

   Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:

   - Conas is féidir linn riachtanais a **aithint**?
   - Conas is féidir linn freastal ar riachtanais?

[1] Úsáidfear an téarma tuismitheoir anseo feasta chun cur síos a dhéanamh ar thuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla **araon**.

- Conas is féidir linn **monatóireacht agus tuairisciú** a dhéanamh ar dhul chun cinn?

4. Conas is féidir le scoileanna acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh chun freastal ar riachtanais go héifeachtach?
5. Conas is féidir le cur chuige scoile uile breisiú a dhéanamh ar an soláthar do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais?

## 1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú?

Aibhsíodh i dTuarascáil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an Chomhairle) *Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu* (NCSE, 2014) roinnt nithe a bhí in easnamh ar an gcóras chun acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna. Ar an mbonn sin, moladh samhail athbhreithnithe leithdháilte. Tar éis scéim phíolótach i ndaichead a seacht bunscoil agus iar-bhunscoil le linn scoilbhliain 2015-2016, chinn an Roinn samhail athbhreithnithe leithdháilte a thabhairt isteach sna scoileanna príomhshrutha uile le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017.

Gheofar i gCiorclán Oideachais Speisialta 0014/2017 sonraí iomlána Leithdháileadh Athbhreithne do Theagasc Oideachais Speisialta.

## 2. Cad iad príomhghnéithe na samhla athbhreithnithe chun tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh?

Faoin tsamhail athbhreithnithe, soláthraíonn an Roinn tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta go díreach do scoileanna bunaithe ar a bpróifílí oideachais (comhpháirt bhonnlíne san áireamh). Tabharfaidh sé sin cobhsaíocht do shocruithe foirne na scoile ar feadh roinnt blianta. Tairgfidh sé uathrialachas níos mó do scoileanna chun acmhainní múinteoireachta a leithdháileadh go solúbtha, bunaithe ar riachtanais daltaí, gan aon ghá le diagnóis míchumais. Is é an príomhphrionsabal atá mar bhonn taca faoin tsamhail athbhreithnithe seo ná go gcuirtear fáilte roimh gach dalta, is cuma má tá riachtanais speisialta oideachais aige/aici, agus go gcuirtear ar a gcumas clárú ina scoileanna áitiúla. Anuas air sin, is cuspóir bunúsach é go mbaintear úsáid as acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta ar an tslí is fearr agus is féidir chun eispéiris foghlama agus torthaí oideachasúla a fheabhsú i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## 3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail athbhreithnithe leithdháilte a chur i bhfeidhim go héifeachtach?

Ba chóir do scoileanna na prionsabail seo a leanas a úsáid mar threoir do chur i bhfeidhim na samhla athbhreithnithe maidir le tacaíochtaí teagaisc don oideachais speisialta a leithdháileadh. Admhaíonn an Roinn go bhfuil na prionsabail agus na cleachtais seo leabaithe go maith ina lán scoileanna cheana féin.

**Prionsabail chun an próiseas feidhmithe a threorú**

- Ba chóir acmhainní a chuirtear ar fáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a úsáid chun scoileanna fíor-ionchuimsitheacha a fhorbairt .

- Ba chóir an tacaíocht a chuirfí ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith bunaithe ar a riachtanais aitheanta agus ba chóir athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn a chur san áireamh ina leith sin (i gcomhairle le tuismitheoirí agus daltaí), mar atá leagtha amach sa Chontanam de Threoirlínte Tacaíochta.

- Is é an múinteoir ábhair atá freagrach go príomha as dul chun cinn agus cúram gach dalta sa seomra ranga, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Ba chóir tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a chuirtear ar fáil do scoileanna a úsáid ach amháin chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu, lena n-áirítear daltaí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu. **<u>Ní féidir na</u>** tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a úsáid chun an cóimheas idir daltaí agus múinteoir a laghdú do mhúineadh na n-ábhar ginearálta nó chun roghanna breise ábhair a sholáthar do dhaltaí nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Ba chóir rochtain a bheith ag na daltaí a bhfuil na riachtanais is mó acu ar na leibhéil tacaíochta is mó, agus nuair is féidir, ba chóir do na daltaí seo tacaiocht leanúnach a fháil ó mhúinteoirí a bhfuil saineolas ábhartha acu.

- Ba chóir do scoileanna lárfhoireann de mhúinteoirí a bhunú agus a choimeád chun riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a chomhlíonadh. Ba chóir an taithí riachtanach agus rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bheith ag gach ball , chun tacú le riachtanais éagsúla na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Déantar na prionsabail sin a chíoradh tuilleadh sa doiciméad seo agus ba chóir iad a bheith mar bhonn le cur chuige scoile uile i leith soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Leagtar amach sa chuid seo próiseas trí chéim a threoróidh aithint, idirghabháil agus monatóireacht ar thorthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Céim 1: Conas is féidir riachtanais a aithint?

Sa chéad chéim déantar cur síos ar phróiseas chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint tríd an Chontanam Tacaíochta. Ina dhiaidh tugtar treoir ar conas idirghabháil do na daltaí seo a phleanáil.

### An Contanam Tacaíochta

Tá creat an Chontanaim Thacaíochta leagtha amach ag an Roinn chun cuidiú le scoileanna riachtanais daltaí a aithint agus chun freastal ar na raichtanais seo. Aithnítear sa chreat go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais ar chontanam, ó éadrom go dian, agus ó neamhbhuan go fadtéarmach , agus go mbíonn leibhéil dhifriúla tacaíochta de dhíth ar dhaltaí ag brath ar a riachtanais oideachais aitheanta. Cabhraíonn úsáid an chreata seo chun a chinntiú go ndéanfar na hidirghabhálacha céim ar chéim, ag dul ó idirghabhálacha rangbhunaithe go tacaíocht atá níos déine agus ar bhonn aonair , agus go gcuirfear monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn, san áireamh.

**Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí**

http://www.sess.ie/sites/default/files/Documents_Publications/neps_post_primary_continuum_teacher_guide.pdf

**Contanam Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna: Paca Acmhainní do Mhúinteoirí**

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_pack.pdf

**Gheofar bileog faoin tslí le tacú le daltaí iar-bhunscoile a bhfuil deacrachtaí iompair, mothúchánacha agus sóisialta acu ag:**


https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/sped_guidelines_pupils_difficulties_pp.pdf

**Béarla mar theanga bhreise: treoirlínte do mhúinteoirí**

http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Inclusion/English_as_an_Additional_Language/IILT_Materials/Post-primary/

Is modh fadhbréitigh measúnaithe agus idirghabhála é an Contanam Tacaíochta trína gcumasaítear do scoileanna sonraí a bhailiú agus a anailísiú, chomh maith le dul chun cinn daltaí aonair a phleanáil agus a athbhreithniú.

Léirítear an **próiseas fadhbréitigh mar** seo a leanas:




Is é aithint riachtanas oideachais an ghné lárnach sa mhodh nua. Trí úsáid a bhaint as creat an Chontanaim Tacaíochta, is féidir le scoileanna riachtanais oideachais daltaí a aithint , ar a n-áirítear riachtanais acadúla, shóisialta agus mhothúchánacha, chomh maith le riachtanais a bhaineann le deacrachtaí fisiciúla, céadfaíocha, teanga agus cumarsáide. Leagtar béim sa chreat ar an tábhacht a bhaineann le féachaint ar riachtanais an dalta i gcomhthéacs, agus soláthraítear acmhainní úsáideacha chuige sin (mar shampla, Seicliosta Timpeallacht Foghlama, Seicliosta an Mhúinteora do Struchtúir agus Tacaíochtaí Ranga Uile).

Is iomaí dalta a ndéanfar a riachtanais speisialta oideachais a aithint sula dtagann siad isteach san iar-bhunscoil. Tá sé tábhachtach do scoileanna eolas ar fhoghlaim daltaí a bhailiú ón mbunscoil agus ó thuismitheoirí chun soláthar a phleanáil agus chun leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú in oideachas na ndaltaí sin.

Tá sraith ábhar ceaptha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun tacú le tuairisciú agus aistriú eolais i dtaobh daltaí ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Cuirtear na hábhair i láthair faoi theideal uileghabhálach an Phas Oideachais agus gheofar iad ag [www.ncca.ie/transfer](www.ncca.ie/transfer). Áirítear orthu:

- Cárta Tuairisce Rang a Sé
- Leathanach Mo Phróifíl do pháistí
- Leathanach Próifíl Mo Pháiste do thuismitheoirí
- Áirítear, leis, Foirm Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais chun tacú le comhroinnt eolais i dtaobh daltaí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu.

Ón **scoilbhliain 2014/15** i leith, ní mór do scoileanna ábhair an Phas Oideachais atá mionsonraithe thuas a úsáid agus a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil lena mbaineann, tar éis deimhniú an chláraithe, faoi dheireadh mhí an Mheithimh, más féidir (Ciorclán 45/2014).

I gcás daltaí a bhfuil ardriachtanais acu, is féidir cruinnithe faoin aistriú a shocrú idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil roimh an aistriú. Is teimpléad úsáideach é an *Foirm Athbhreithnithe maidir le hAistriú chuig Iar-bhunscoil* chun sonraí measúnaithe a bhailiú maidir le riachtanais acadúla, ghnóthachtála agus forbairt phearsanta daltaí le gur féidir idirghabhálacha a phleanáil i ndiaidh an aistrithe.

Is féidir le hiar-bhunscoil leas a bhaint as a cleachtais mheasúnaithe féin chun tuilleadh eolais scagtha agus diagnóiseach a sholáthar chun tacú leis an bpróiseas pleanála do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is féidir úsáid a bhaint as na hacmhainní seo a leanas chun measúnú agus aithint riachtanas a chur in iúl:

**Pas CNCM**

http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Assessment/Report_Card_Templates/transfer/

**Foirm Athbhreithnithe maidir le hAistriú chuig Iar-bhunscoil**

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guidelines-Handouts-and-Tips/Transfer-from-Primary-to-Post-primary/Transition-to-Post-Primary-Transfer-Profile.pdf

**Ciorclán Iar-bhunscoile ar Ionstraimí Measúnaithe**

https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0034_2015.pdf


**Córas Tástála ar Líne Dhroim Conrach**

http://trythetests.erc.ie/testdetail/Drumcondra_Post_Primary_Maths_test_

http://trythetests.erc.ie/testdetail/Drumcondra_Post_Primary_Reading_Test

Cuireann an Contanam Tacaíochta creat ar fáil do scoileanna le gur féidir leo riachtanais daltaí a aithint agus freagairt dóibh ar shlí sholúbtha. Chun tacú leis an bpróiseas, téitear i gcomhairle le gairmithe seachtracha, nuair is gá.

Moltar na leibhéil tacaíochta seo a leanas sa Chontanam Tacaíochta:




Contanam Tacaíochta

Leagtar amach i dTábla 1 thíos an tslí ar féidir le scoil fianaise a bhailiú ar riachtanais oideachais daltaí ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. Is féidir an fhianaise seo a úsáid ansin chun an mhúinteoireacht a oiriúnú, chun na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an dalta a phleanáil agus chun measúnú a dhéanamh ar fhreagairt an dalta don idirghabháil. Nuair a dhéantar sonraí agus eolas a bhailiú, a chomhroinnt agus a chur i gcomparáid go cúramach, is féidir le scoileanna na daltaí siúd a aithint a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu , agus freagairt do na riachtanais sin.

| Tábla 1: Riachtanais Oideachais a Aithint trí Phróiseas an Chontanaim Tacaíochta | |
|---|---|
| **Scoile Uile agus Seomra Ranga**<br><br>**(Tacaíocht do Chách)** | Gheofar sa Chontanam Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna raon smaointe agus acmhainní a chabhróidh le haithint, idirghabhálacha agus monatóireacht ar thorthaí. Breithníonn an múinteoir ábhair conas an clár foghlama a dhifreáil go héifeachtach chun soláthar a dhéanamh do riachtanais gach dalta sa rang.<br><br>Is féidir daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint trí:<br><br>• Scagadh iontógála<br>• Eolas a bhailiú ó bhunscoileanna, Pas an Dalta san áireamh<br>• Breathnú an mhúinteora<br>• Measúnú an mhúinteora<br>• Seicliosta faoin Timpeallacht Foghlama<br>• Rannpháirtíocht Foireann Tacaíochta an Dalta<br>• Scrúdaithe caighdeánaithe litearthachta/uimhearthachta<br>• Dul i gcomhairle leis an dalta<br>• Dul i gcomhairle le tuismitheoirí<br><br>I gcás ina mbíonn deacrachtaí suntasacha ag daltaí go leanúnach, d'ainneoin idirghabhálacha scoile uile (ar nós múinteoireacht dhifreáilte, clár meantóireachta nó grúpa scileanna sóisialta), cuirtear tús le Tacaíocht Scoile (do roinnt daltaí ). |
| **Tacaíocht Scoile**<br><br>**(do roinnt daltaí)** | Ag an leibhéal seo, déantar Plean Tacaíochta a cheapadh ar an mbonn eolais seo a leanas:<br><br>• Taifid ó bhreathnóireacht an mhúinteora<br>• Bearta / measúnaithe a dhearann an múinteoir<br>• Agallamh le tuismitheoir/dalta<br>• Seicliosta timpeallacht foghlama<br>• Measúnuithe diagnóiseacha sa litearthacht/uimhearthacht<br>• Breathnóireacht fhoirmiúil ar iompraíocht lena n-áirítear cairteacha réamhtheachtaí-iompraíocht-toradh (ABC), bearta minicíochta<br>• Measúnú feidhmiúil nuair is cuí, lena n-áirítear bearta scagtha do dheacrachtaí sóisialta, móthúchánacha agus iompair.<br><br>Is féidir le tacaíocht ag an leibhéal seo a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, mar shampla: teagasc foirne, teagasc i ngrúpaí beaga nó teagasc aonair, piar-mheantóireacht, ballraíocht i ngrúpa scileanna sóisialta, duaiseanna iompraíochta agus córais iarmhairtí.<br><br>Cuirtear Plean Tacaíochta i bhfeidhm go ceann tréimhse aontaithe agus déantar é a athbhreithniú. |
| **Tacaíocht Scoile Móide**<br><br>**(do bheagán daltaí)** | Ag an leibhéal seo, ceapann múinteoir(í) ábhair, tuismitheoirí agus múinteoirí oideachais speisialta, i gcomhar le gníomhaireachtaí lasmuigh, de réir mar is gá, cur chuige níos mionsonraithe agus níos córasaí a cheapadh i leith bailiú agus measúnú eolais. I gceist anseo tá raon leathan uirlisí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla measúnaithe agus diagnóiseacha a úsáid, lena n-áirítear breathnú an mhúinteora, agallamh leis an dalta, cumas cognaíoch agus feidhmiú sóisialta, mothúchánach, iompraíochta agus oiriúnaitheach a thomhas, de réir mar is gá. |

| | |
|---|---|
| | Baintear úsáid as sonraí a ghintear ón bpróiseas seo chun idirghabháil chuí a phleanáil agus chun bonnlíne a chur ar fáil ar féidir dul chun cinn a thomhas.<br>De ghnáth bíonn Plean Tacaíochta ag an leibhéal seo níos mionsonraithe agus níos saincheaptha agus bíonn pleanáil agus comhairliú níos fadtéarmaí i gceist leis. |

**Pleanáil oideachais**


Breisítear an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí phróisis shoiléire aitheanta agus trí idirghabhálacha a phleanáil go cúramach chun díriú ar riachtanais acadúla agus/nó pearsanta agus forbartha sóisialta. Míreanna riachtanacha de phróiseas comhtháite agus comhoibritheach fadhbréitigh is ea aithint, pleanáil, socrú spriocanna agus monatóireacht ar thorthaí. Bíonn an múinteoir ábhair, múinteoirí oideachais speisialta, tuismitheoirí, an dalta agus gairmithe ábhartha páirteach sa phróiseas. Ba chóir idirghabhálacha a bhunú ar chleachtas bunaithe ar fhianaise agus ar eolas agus taithí ghairmiúil múinteoirí. Ba chóir go léireodh na hidirghabhálacha seo riachtanais tosaíochta foghlama daltaí, chomh maith le tógáil ar a láidreachtaí agus a n-ábhair spéise. Ba chóir go leagfaí amach i bpleananna tacaíochta na spriocanna aontaithe, na hacmhainní a bheidh ag teastáil, na straitéisí le pleananna a chur i bhfeidhm agus tréimhse ama don athbhreithniú.

**Comhad Tacaíochta do Dhaltaí**

Forbraíodh an Comhad Tacaíochta do Dhaltaí chun cuidiú le scoileanna idirghabhálacha a phleanáil agus cosán an dalta tríd an gContanam Tacaíochta a rianú. Éascaíonn sé múinteoirí chun doiciméadú a dhéanamh ar dhul chun cinn le himeacht ama agus cabhraíonn sé leo leibhéal oiriúnach tacaíochta a sholáthar do dhaltaí, ag teacht lena leibhéal riachtanais. I ndiadh tréimhse idirghabhála agus athbhreithniú ar dhul chun cinn, déantar cinneadh maidir leis an leibhéal tacaíochta cuí atá de dhíth ar an dalta. Is féidir cinneadh a dhéanamh as seo gan leanúint den tacaíocht, leanúint den leibhéal céanna tacaíochta, nó aistriú go leibhéal níos airde nó níos ísle tacaíochta.

Tá an Comhad Tacaíochta do Dhaltaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus tá na gnéithe seo a leanas le sonrú air:

- **Comhad Tacaíochta do Dhaltaí,** i bhfoirm doiciméad Word, ar féidir le scoileanna a lógó féin a chur isteach ann agus an fhormáid a úsáid agus a oiriúnú faoi mar is gá
- Seicliosta is féidir a úsáid (go hiomlán nó go páirteach) ar gach leibhéal den Chontanam
- 'Plean Tacaíochta' agus 'Taifead Athbhreithnithe Tacaíochta' solúbtha agus cineálach is féidir a úsáid ar gach leibhéal tacaíochta
- Leathanach soléite 'Log Gníomhartha' chun na gníomhartha atá déanta ag scoil a choimriú ann


Insert school logo here

STUDENT SUPPORT FILE

| | |
|---|---|
| Name of Student | |
| Date of Birth | |
| School | |
| Date File Opened | |
| Date File Closed | |

ACADEMIC SUCCESS ⟺ SOCIAL, EMOTIONAL & BEHAVIOURAL COMPETENCE

SCHOOL SUPPORT PLUS ( Support for a few )
SCHOOL SUPPORT ( Support for Some )
CLASSROOM SUPPORT ( Support for All )

A Continuum of Support

*Developing a student support plan is the outcome of a problem solving process, involving school staff, parent(s)/ guardian(s) and the student. We start by identifying concerns, we gather information, we put together a plan and we review it.*

**Comhad Tacaíochta do Dhaltaí: Treoirlínte**
www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_teacher_guide.pdf

Is féidir a lán cineálacha éagsúla pleananna tacaíochta a áireamh sa chomhad tacaíochta. Is féidir le plean tacaíochta a bheith i bhfoirm phlean ginearálta tacaíochta, plean nó conradh iompraíochta, próifíl agus clár foghlama aonair, plean oideachais aonair nó plean pearsantaithe dalta. Níl i bhformáid an phlean tacaíochta a mholtar sa doiciméad seo ach formáid amháin, agus féadfaidh scoileanna iad a athrú agus a chur in oiriúint de réir mar is cuí.

Toisc go mbíonn éagsúlacht idir riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ó éadrom agus neamhbhuan go suntasach agus buan, mar sin ba chóir don phleanáil oideachais leibhéal riachtanais an dalta aonair a léiriú. Maidir leis seo, éascaíonn Comhad Tacaíochta an Dalta freagairt chéimnithe ar leibhéil dhifriúla den Chontanam. I gcás daltaí a bhfuil buanriachtanais suntasacha casta acu, moltar dul i gcomhairle le gairmithe seachtracha, lena n-áirítear foirne ildisciplíneacha (mar shampla teiripeoir saothair, teiripeoir urlabhra agus teanga, agus síceolaí).

Chun tacú go héifeachtach i scoileanna le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chun comhsheasmhacht sa chur chuige a chinntiú, tá sé tábhachtach go mbeadh teacht ag gach múinteoir (múinteoirí ábhair, múinteoirí oideachais speisialta agus gairmchomhairleoirí san áireamh) ar eolas ábhartha ó phlean tacaíochta an dalta. Cabhróidh sé seo leis na múinteoirí múineadh a n-ábhair a dhifreáil chun riachtanais a gcuid daltaí a chomhlíonadh, agus

spriocanna ar leith a shocrú dá réimsí ábhair. Mar sin, ní mór do scoileanna córais a cheapadh chun eolas a chomhroinnt go héifeachtach, de réir na reachtaíochta cosanta sonraí.

## Céim 2: Conas is féidir linn freastal ar riachtanais?

Nuair atá riachtanais an dalta aitheanta agus nuair atá an phleanáil oideachais chun freastal ar na riachtanais seo déanta, díreoidh an dara céim ar cé chomh tábhachtach is atá straitéisí éifeachtúla teagaisc agus foghlama. Leagtar béim ar na buntáistí a bhaineann le cláir luath-idirghabhála agus cláir choiscthe. Tugtar treoir freisin maidir le socrú spriocanna.

**Múinteoireacht agus foghlaim éifeachtach: Ról an mhúinteora ábhair**

Tá múinteoireacht agus foghlaim éifeachtach fíorthábhachtach i gcás gach dalta, agus go háirithe i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ciallaíonn cuimsiú lánbhríoch go múintear gach dalta i dtimpeallacht ranga atá spreagúil agus tacúil, ina léirítear meas ar an dalta agus ina mbraitheann an dalta go bhfuil fiúntas leis nó léi. Tá an fhreagracht tosaigh ar mhúinteoirí ábhair as oideachas na ndaltaí uile ina gcuid ranganna. Dá réir sin, ba chóir do mhúinteoirí ábhair a chinntiú go ndéanann siad a gcuid ceachtanna a phleanáil go cúramach chun díriú ar riachtanais éagsúla laistigh den seomra ranga. Seans go mbeidh orthu a gcur chuige múinteoireachta a oiriúnú do dhaltaí áirithe mar gheall ar imní faoina gcumas díriú ar an obair, faoina inspreagadh, faoina gcumas cumarsáide, faoina gcuid iompar nó a gcuid idirghníomhaíochtaí le piaraí. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá le hidirghabhálacha spriocdhírithe[2] chun scileanna oiriúnaitheacha a fhorbairt faoi mar is gá chun na riachtanais seo a chomhlíonadh. Ba chóir deiseanna a thabhairt do dhaltaí a bheith gníomhach ina gcuid foghlama féin trí cheachtanna a phleanáil go cúramach chun tascanna neamhspleácha agus comhoibritheacha a chur san áireamh iontu agus forbairt scileanna a athneartú. Ba chóir do gach múinteoir ábhair cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí múinteoireachta a chur i bhfeidhm trínar féidir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur san áireamh ar shlí lánbhríoch. Áirítear leo siúd:

[2] Gheofar eolas ar oiliúint agus tacaíocht d’idirghabhálacha sa roinn ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, lgh 37.

- Múinteoireacht agus foghlaim chomhoibritheach laistigh de sheomraí ranga príomhshrutha
- Gníomhaíochtaí chomhoibritheacha fadhbréitigh
- Obair i ngrúpai ilchineálach
- Difreáil
- Idirghabhálacha chun inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach a chur chun cinn
- Teicneolaíocht faisneise agus cumarsáide (TFC) a leabú sa mhúinteoireacht, san fhoghlaim agus sa mheasúnú

Ba chóir leibhéil spéise, airde, cumas dírithe agus dianseasmhacht na ndaltaí a fhorbairt agus a leathnú de réir a chéile, agus luach saothair a thabhairt ar a shon, le straitéisí cuí múinteoireachta. Chun freastal ar raon na riachtanas foghlama in aon seomra ranga ar leith, beidh sé riachtanach do mhúinteoirí ábhair difreáil a dhéanamh ina gcuid ceachtanna go rialta. Is féidir difreáil a dheanamh ar na bealaí seo a leanas:

- Leibhéal, struchtúr agus modh an teagaisc agus luas na gceachtanna a éagsúlú chun riachtanais aonair a chomhlíonadh
- Ceachtanna a chur in oiriúint d'ábhair spéise na ndaltaí
- Tascanna agus próisis a mheaitseáil le cumais agus riachtanais na ndaltaí
- Acmhainní a oiriúnú agus a úsáid, an teicneolaíocht san áireamh
- Oibriú i dtreo torthaí foghlama dúshlánacha agus measúnú a dhéanamh dá réir

Is féidir le múinteoirí ceachtanna a oiriúnú do raon leathan daltaí trí chineálacha éagsúla cur chuige agus modheolaíochtaí múinteoireachta a úsáid, lena n-áirítear foghlaim ghníomhach, teagasc i ngrúpaí beaga, múinteoireacht aonair, agus teagasc scaflaithe. B'fheidir go mbeidh oiriúnú cuí ar an timpeallacht de dhíth chun rochtain fhisiciúil nó rochtain churaclaim a chur chun cinn.

Ba chóir curaclam a oireann dá leibhéal forbartha a mhúineadh do gach dalta. Agus cláir á meaitseáil le riachtanais daltaí, moltar do cheannairí scoile scrúdú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil, m.sh. An Teastas Sóisearach - Clár Scoile, Cláir Foghlama an Teastais Shóisearaigh Leibhéal 2 agus An Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

**Múinteoireacht agus foghlaim éifeachtach: Ról an mhúinteora oideachais speisialta**

Ba chóir do mhúinteoirí oideachais speisialta a bheith ar an eolas i dtaobh raon leathan cineálacha cur chuige múinteoireachta, modheolaíochtaí agus acmhainní chun freastal ar stíleanna éagsúla foghlama agus chun riachtanais éagsúla a chomhlíonadh. Ar na cuir chuige teagaisc a úsáidtear tá meascán de thionscnaimh teagasc foirne, de comhartheagasc, de luath-idirghabháil agus d'idirghabháil do ghrúpaí beaga agus do dhaltaí aonair.

**Is féidir go mbeidh modheolaíochtaí, cur chuige teagaisc agus/nó gníomhaíochtaí foghlama ar leith de dhíth ar dhaltaí a bhfuil riachtanais níos casta agus leanúnach acu. Ba chóir go mbeadh a leithéid idirghabhála dírithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais a aithint go cúramach lena n-áirítear measúnú ildisciplíneach, nuair is gá.**

Ba chóir do mhúinteoirí oideachais speisialta, i gcomhar le múinteoirí ábhair, a gcuid idirghabhálacha a phleanáil go cúramach chun díriú ar riachtanais foghlama tosaíochta na ndaltaí agus chun na spriocanna a bhaint amach atá aitheanta sa Phlean Tacaíochta do Dhalta ábhartha. Ba chóir go léireodh pleanáil ghearrthéarmach spriocanna an phlean tacaíochta agus ba chóir go mbrisfí forbairt na scileanna agus an t-ábhair iontu ina gcéimeanna beaga incriminteacha chun díriú ar gach ceann de riachtanais an dalta. Ba chóir torthaí foghlama na ndaltaí a mheas agus a thaifeadadh go rialta agus ba choir iad a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ba chóir úsáid a bhaint as na torthaí seo, leis, chun spriocanna a shocrú don chéad chéim idirghabhála eile. I measc na n-acmhainní úsáideacha tá:

**Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí atá faoi Mhíchumas Ginearálta Foghlama**[3]

www.ncca.ie/uploadedfiles/Overview_web.pdf

**An Teastas Sóisearach – Clár Scoile**

http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Junior_Cycle/Junior_Certificate_School_Programme/

**An Ardteistiméireacht Fheidhmeach**

http://ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Post-Primary_Education/Senior_Cycle/Overview-of-Senior-Cycle/Leaving_Certificate_Applied/

[3] Forbraíodh na treoirlínte seo d'ábhair an Teastais Shóisearaigh ach bheadh mórchuid den treoir úsáideach do shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí.

**Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Treoirlínte Iar-bhunscoile (DES, 2007)**

http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_inclusion_students_sp_ed_needs_pp_guidelines_pdf

**Cláir Foghlama Leibhéal 2: Treoirlínte do Mhúinteoirí**

http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Inclusion/Special_Educational_Needs/Level_2_Toolkit/Guidelines_nc.pdf

**Measúnú an CNCM: Uirlisí Úsáide ag an tSraith Shóisearach:**

- http://juniorcycle.ie/Assessment

**Luath-idirghabháil agus cosc**

De bhrí go bhfuil cuid mhór fianaise idirnáisiúnta ann gur féidir le cláir luath-idirghabhála agus coiscthe a bheith ina gcúis le torthaí feabhsaithe do dhaltaí, ba chóir do cheannairí scoile cuid de na hacmhainní múinteoireachta a úsáid chuige sin. De réir mar a théann scoileanna i mbun próiseas féinmhachnaimh agus athbhreithnithe, tabharfaidh siad faoi deara na saincheisteanna scoile uile ar féidir díriú orthu le cláir luath-idirghabhála, atá bunaithe ar fhianaise agus a fhreagraíonn don chomhthéacs áitiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun scileanna litearthachta, sóisialta, mothúchánacha, scileanna-saoil agus folláine a fhorbairt i ndaltaí sraithe sóisearaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (féach an tagairt thíos do *Threoirlínte maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach* (CNCM, 2017).

Tá an tsolúbthacht ag na scoileanna chun cineálacha nuálacha cur chuige a fhorbairt agus a thriail agus chun éifeachtaí na hidirghabhálacha seo a mheas trí shonraí measúnaithe a úsáid. Trí chleachtas rathúil a fhorbairt agus a chomhroinnt, is féidir feabhsuithe a dhéanamh ar an soláthar foriomlán do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

D'fhéadfadh scoileanna comhairle agus oiliúint a iarraidh ó chineálacha cur chuige dea-bhailíochtaithe chun díriú ar riachtanais litearthachta, iompraíochta agus mhothúchánacha, mar shampla *Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí a bhfuil Deacrachtaí Acu, My FRIENDS Youth*, nó cláir de chineál céanna atá bunaithe ar fhianaise, mar shlí chun imní a chosc agus athléimneacht a chothú.

**Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí a bhfuil Deacrachtaí acu**

http://www.education.ie/en/Education-Staff/Information/NEPS-Literacy-Resource/neps_literacy_good_practice_guide.pdf

**My FRIENDS Youth – Clár athléimneachta mothúchánaí**

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/FRIENDS-Programmes.pdf

http://www.friendsresilience.org/

**Treoirlínte maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach**

http://www.juniorcycle.ie/NCCA_JuniorCycle/media/NCCA/Curriculum/Wellbeing/Wellbeing-Guidelines-for-Junior-Cycle.pdf

**Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Chur chun cinn na Meabhairshláinte agus Cosc an Fhéinmharaithe**

https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Well_Being_PP_Schools_Guidelines_Summary.pdf

**Idirghabhálacha, Tionscadail agus Taighde NBSS**
https://www.nbss.ie/interventions-and-projects

Ar a bharr sin, tairgeann seirbhísí tacaíochta na Roinne raon leathan clár agus ábhar acmhainne chun díriú ar riachtanais sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta na ndaltaí uile, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Clúdaítear sna cláir seo fadhbanna ar nós bulaíochta, an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus bainistiú iompraíochta. Seo sampla de na cláir/acmhainní atá ar fáil faoi láthair:

**Clár Aistrithe an NBSS**

www.nbss.ie/interventions-and-projects/behaviour-for-learning/belonging-plus

**Iompraíocht Dhúshlánach; Cosáin i dtreo Coisceadh**

www.sess.ie/pathways-prevention-resources

**Cláir agus Acmhainní Iompraíochta chun Foghlama**

www.nbss.ie/interventions-projects/behaviour-for-learning/why-try

Ba chóir monatóireacht chúramach a dhéanamh ar gach clár idirghabhála chun an tionchar atá acu ar ghnóthachtáil an dalta, ar rannpháirtíocht san fhoghlaim agus ar shaol na scoile a mheas agus a thaifeadadh. Faightear an toradh is fearr agus is éifeachtaí ar na cláir seo nuair a chuirtear

chun feidhme iad mar atá ceaptha ag na dearthóirí, agus nuair a chuirtear i bhfeidhm go dian iad agus nuair a chuirtear deiseanna ar fáil go minic do dhaltaí chun scileanna a chleachtadh.

Tá feidhm thábhachtach choisctheach agus luath-idirghabhála ag Foirne Tacaíochta do Dhaltaí, go háirithe i dtaca le díriú ar dhaltaí a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúchánach, iompraíochta agus folláine acu. Is fóram iad na foirne chun údar imní a chomhroinnt agus oibriú i dtreo réiteach. Tá ról tábhachtach comhordaitheach acu agus éascaíonn siad monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn daltaí. Gheofar tuilleadh eolais ar Fhoirne Tacaíochta do Dhaltaí ag:

**Foirne Tacaíochta do Dhaltaí in Iar-bhunscoileanna**

www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-Teams-in-Post-Primary-Schools.pdf

**Socrú spriocanna**

Tá socrú maith spriocanna lárnach i dteagasc agus i bhfoghlaim éifeachtach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá ceithre threoirphrionsabail ann nár mhór aird a thabhairt orthu agus spriocanna á gceapadh do dhaltaí. Ba chóir do spriocanna a bheith:

- Nasctha le measúnacht
- Bunaithe ar laidreachtaí
- Nasctha le hidirghabhálacha
- Forbartha i gcomhpháirtíocht

De réir dea-chleachtais, is fearr líon beag spriocanna. Ba chóir go mbeadh said ceaptha de réir riachtanais foghlama tosaíochta agus nasctha go díreach le hidirghabhálacha oiriúnacha. Ba chóir spriocanna a bhunú ar fhianaise a bhailítear trí mhodhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla measúnaithe. Ba chóir do phearsanra scoile dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus spriocanna á socrú acu, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar dhul chun cinn. Ba chóir tuairimí daltaí a chur san áireamh sa phróiseas seo trí pháirt dhíreach a thabhairt dóibh sa phlé nó trína dtuairimí a bhailiú roimh an athbhreithniú. Cabhróidh an comhoibriú seo lena chinntiú


go mbíonn na spriocanna ábhartha, lánbhríoch, réalaíoch, agus go mbíonn siad bunaithe ar láidreachtaí agus ar shuimeanna na ndaltaí.

Ba chóir spriocanna a chur i bhfocail ar shlí atá intomhaiste agus inbhraite, agus ba chóir go léireoidís riachtanais oideachais speisialta na ndaltaí aonair (mar shampla, go ndíríonn siad ar dheacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha más é sin an príomhréimse imní). Cé gur chóir go mbeadh spriocanna insroichte laistigh de thréimhse shonraithe, ba chóir go gcuirfidís dúshlán faoi eolas na ndaltaí, go dtógfaidís ar an eolas sin agus go ndíreoidís ar riachtanais iomlánaíocha.

Léirítear in Aguisín 1 an dlúthcheangal idir socrú spriocanna agus an creat fadhbréitigh chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Céim 3: Conas is féidir linn monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar thorthaí foghlama do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Tá sé tábhachtach do cheannairí scoile maoirseacht a dhéanamh ar chur chuige scoile uile i leith monatóireachta agus taifeadadh ar dhul chun cinn. Ba chóir monatóireacht rialta agus cúramach a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí i gcomparáid lena gcuid spriocanna. Tá an chéim seo den phróiseas bunaithe ar thomhas éifeachtach den fheidhmiúlacht bonnlíne, lena n-áirítear scrúduithe de réir critéar agus modhanna measúnaithe eile (mar shampla scrúduithe a dhearann múinteoirí, seicliostaí, samplaí den obair, breathnú agus tuairiscí ó mhúinteoirí ábhair, teagascóirí ranga agus cinnirí bliana) trínar féidir le daltaí a gcuid dul chun cinn a léiriú. Ba chóir go leanfaí é seo le spriocanna sonracha a bheidh le baint amach laistigh de thréimhse shonraithe, mar atá leagtha amach thíos.



Is cuid de phróiseas dinimiciúil aitheanta, socrú spriocanna, idirghabhála agus athbhreithnithe é monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí, agus as sin ba chóir pleananna tacaíochta a mhionathrú. Tugann an Comhad Tacaíochta do Dhaltaí acmhainn úsáideach do scoileanna chun an dul chun cinn seo a thacú agus a thaifeadadh. Áirítear leis Taifead Athbhreithnithe Tacaíochta chun múinteoirí a threorú agus monatóireacht á déanamh acu ar dhul chun cinn agus ar thorthaí athbhreithnithe le tuismitheoirí agus daltaí. Is príomhthiománaithe den chleachtas éifeachtach iad an mhonatóireacht ar dhul chun cinn agus an t-oiriúnú a dhéantar ar phleananna tacaíochta.

I dteannta le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí ag leibhéal an duine aonair, tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí ag leibhéal an ghrúpa, an ranga agus na scoile uile. D'fhéadfaí leibhéil ghnóthachtála, cumarsáide, neamhspleáchais, tinreamh, cuimsiú sóisialta agus folláine (mar shampla braistint comhmhuintearais agus cóngais leis an scolaíocht) i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## 4. Conas is féidir le scoileanna acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh chun riachtanais a chomhlíonadh go héifeachtach?

Ní mór múinteoirí oideachais speisialta a riar chun díriú ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is gné thábhachtach den tsamhail leithdháilte athbhreithnithe é tacaíochtaí breise múinteoireachta a chur ar fáil de réir riachtanais aitheanta in ionad iad a bhunú ar dhiagnóis míchumais. Tabharfaidh sé seo níos mó uathrialachas agus solúbthacht do scoileanna maidir leis an tslí a leithdháileann siad acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta. Is féidir le scoileanna róil éagsúla a shannadh do mhúinteoirí oideachais speisialta ar mhaithe le riachtanais daltaí a chomhlíonadh go héifeachtach (mar shampla tacaíocht in-ranga, tacaíocht i ngrúpa lasmuigh den rang).

Tá sé thar a bheith tábhachtach teagmháil agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí chun bogadh ar aghaidh chuig cur chuige atá bunaithe ar riachtanais agus

acmhainní breise teagaisc á leithdháileadh. Breisítear é sin nuair a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le riachtanais agus plean tacaíochta a bpáistí, agus nuair a bhíonn siad páirteach in athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn.

Agus acmhainní múinteoireachta á leithdháileadh, ba chóir do scoileanna a bheith feasach ar bhuntáistí na gclár luath-idirghabhála agus ba chóir acmhainní múinteoireachta a leithdháileadh mar is gá, bunaithe ar riachtanais aitheanta agus ar chomhthéacs na scoile. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag na scoileanna freisin, tacaíocht bhreise spriocdhírithe a sholáthar do dhaltaí laistigh de cheacht ábhair príomhshrutha trí theagasc foirne, teagasc grúpa nó teagasc aonair lasmuigh den rang, nó trí mheascán de na cineálacha idirghabhálacha seo.

Ba thábhachtach é go léireodh an leibhéal agus an cineál tacaíochta, spriocanna sonracha na ndaltaí aonair faoi mar atá siad leagtha amach ina bpleananna tacaíochta agus go ndéanfaí monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar dhul chun cinn. Ar an tslí seo, tar éis tréimhse idirghabhála, seans nach dteastóidh tacaíochtaí breise múinteoireachta ó dhaltaí áirithe, go dteastóidh na leibhéil chéanna ó dhaltaí eile, agus go dteastóidh tacaíochtaí níos déine fós ó dhaltaí eile. Dá réir sin, is féidir go n-athrófar na grúpálacha atá sceidealta le tógáil amach as ranganna le himeacht ama.

Nuair a bhítear ag leithdháileadh acmhainní teagaisc , ní mór do scoileanna am a chur ar leataobh chun gníomhaíochtaí a chomhordú, a phleanáil agus a athbhreithniú le cinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach agus optamach as tacaíochtaí. Ach ba chóir an t-am comhordaithe a choimeád chomh híseal agus is féidir ionas go ndéantar an t-am múinteoireachta a uasmhéadú. Ar a bharr sin, beidh solúbthacht i dtaca le leithdháileadh acmhainní de dhíth chun soláthar a dhéanamh do riachtanais neamhthuartha a d’fhéadfadh teacht chun cinn i gcaitheamh na scoilbhliana. Ba chóir do cheannairí scoile ceann a thógáil, leis, do thaifead forbartha gairmiúla agus saineolas faighte na múinteoirí agus róil agus tacaíochtaí múinteoireachta á leithdháileadh.

**Ullmhú tráthchlár**

Moltar tráthchláir maidir le dualgais oideachais speisialta a thabhairt do bhuíon múinteoirí. Ba chóir do scoileanna cur chuige solúbtha a ghlacadh i leith tráthchláir le cinntiú go mbíonn acmhainn bhreise ar fáil chun díriú ar riachtanais a d’fhéadfadh athrú i gcaitheamh na bliana. Dá réir sin, is féidir go leithdháilfear tráthchláir sholúbtha ar bhaill áirithe den bhfoireann

oideachais speisialta agus soláthar déanta iontu chun freastal ar riachtanais bhreise. Agus cur chuige i leith tráthchláir á chinneadh, moltar do scoileanna aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- Ba chóir an tráthchlár iomlán scoile a dhearadh go cúramach chun soláthar cuí a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Ba chóir dul i gcomhairle le baill den bhfoireann tacaíochta oideachais speisialta agus an tráthchlár á leagan amach
- Ba chóir lárfhoreann oideachais speisialta a bhunú chun cobhsaíocht agus leanúnachas tacaíochta a chur ar fáil.
- Ba chóir soláthar a dhéanamh chun gur féidir le múinteoirí oideachais speisialta tacú le múinteoirí ábhair trí theagasc foirne/teagasc in-ranga/comhartheagasc agus comhphleanáil.
- Ba chóir soláthar a dhéanamh chun daltaí a aistarraingt le haghaidh idirghabháil fhócasaithe aonair agus/nó grúpa nuair is gá sin. Is féidir le hidirghabhálacha spriocdhírithe i ngrúpaí beaga, a úsáideann cláir bunaithe ar fhianaise do dhaltaí a bhfuil riachtanais chomhchosúla acu, a bheith éifeachtach ó thaobh úsáid acmhainní
- Ba chóir smaoineamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aistarraingt daltaí ar a bhfáil ar an gcuraclam lena ngrúpaí bliana.
- Ba chóir do thráthchláir a bheith solúbtha a ndóthain chun freastal ar riachtanais shonracha daltaí. Mar shampla, is féidir **nach** mbeadh sé oiriúnach gach dalta a bhfuil díolúine aige/aici ón nGaeilge a ghrúpáil le chéile le haghaidh oideachas speisialta de bharr riachtanais éagsúla a bheith acu.
- Ba chóir tacaíocht leanúnach a sholáthar chun díriú ar riachtanais speisialta oideachais daltaí sa tsraith shinsearach.

**Leithdháileadh tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a phleanáil**

Agus leithdháileadh tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta á phleanáil, is é an prionsabal is tábhachtaí na hacmhainní a chur ar fáil chun riachtanais aitheanta daltaí a chomhlíonadh. **Tá sé tábhachtach gurb iad na daltaí is mó riachtanas a gheobhadh an leibhéal tacaíochta is airde**. I dteannta deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta, beidh riachtanais ar leith ag cuid mhór daltaí i réimsí ar nós na cumarsáide, idirghníomhú sóisialta,

iompraíocht, forbairt mhothúchánach agus díriú ar an bhfoghlaim. Chun leithdháileadh tacaíochtaí múinteoireachta a threorú, moltar do scoileanna féachaint arís ar na prionsabail atá leagtha amach ar leathanach 5 de na treoirlínte seo. Tá teimpléad pleanála curtha ar fáil i dTábla 2 chun cabhrú le scoileanna múinteoireacht oideachais speisialta a leithdháileadh. Anuas air sin, cuirtear teimpléad pleanála soláthar scoile ar fáil in Aguisín 2 chun tacú le scoileanna soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a phleanáil agus a dhoiciméadú ar leibhéal scoile uile.

| Tábla 2: Teimpléad Pleanála chun Leithdháileadh Tacaíochtaí Múinteoireachta Breise ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a Threorú | |
|---|---|
| Gníomh 1: Daltaí a bhfuil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint | Déan athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le riachtanais daltaí, ag úsáid sonraí scoile, agus eolas ó bhunscoileanna, tuismitheoirí agus gairmithe seachtracha.<br>Déan scagadh breise agus bailigh sonraí faoi mar is gá, ag úsáid cineálacha cur chuige neamhfhoirmiúla agus foirmiúla (m.sh. breathnú an mhúinteora, eolas ar inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, trialacha caighdeánaithe, trialacha diagnóiseacha).<br><br>Sainigh **gach** dalta sa scoil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Déan riachtanais na ndaltaí sin a mheaitseáil leis an leibhéal cuí ar an gContanam Tacaíochta. |
| Gníomh 2: Spriocanna a shocrú | Bunaithe ar riachtanais aitheanta, socraigh spriocanna soiléire ar leibhéal Tacaíocht do Chách, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Móide den Chontanam Tacaíochta. |
| Gníomh 3: Modhanna agus cineálacha cur chuige teagaisc a phleanáil | Sainigh an leibhéal agus an cineál idirghabhála is gá chun spriocannna gach dalta ar an Chontanam Tacaíochta a chomhlíonadh.<br>Ba chóir do scoileanna na modheolaíochtaí is oiriúnaí chun cuimsiú lánbhríoch a chur chun cinn a bhreithniú, m.sh. difreáil, grúpáil ilchinealach, buíonteagasc, teagasc grúpa beag agus teagasc aonair. Ba chóir dóibh a bheith cúramach go mbíonn na hidirghabhálacha agus na tacaíochta bunaithe ar fhianaise. |
| Gníomh 4: Cláir luath-idirghabhálacha agus coiscthe a eagrú | Bunaithe ar riachtanais aitheanta, roghnaigh cláir luath-idirghabhála/coiscthe bunaithe ar fhianaise chun dul I ngleic le hábhair imní.<br>Sainigh an méid ama agus an líon foirne a bheidh ag teastáil. |
| Gníomh 5: Acmhainní teagaisc oideachais | Déan cros-thagairt idir riachtanais daltaí ag leibhéil Tacaíocht Scoile agus ag léibhéal Tacaíocht Scoile Móide agus féach an féidir riachtanais i bpáirt a chomhlíonadh trí theagasc in-ranga/buíonteagasc/tacaíocht grúpa beag agus |

| | |
|---|---|
| speisialta a eagrú agus a riar | tacaíocht aonair le cinntiú go mbíonn éifeacht leis na cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama.<br>Aontaigh cé hé/hí/hiad an múinteoir/na múinteoirí a fhreastalóidh ar na daltaí seo agus cá háit agus cathain a mbeadh an teagaisc ag tárlú. Bí meabhrach ar an riachtanas go bhfaigheadh na daltaí is mó riachtanas an leibhéal tacaíochta is mó ó na múinteoirí leis an saineolas ábhartha. |
| Gníomh 6: Dul chun cinn a rianú, a thaifeadadh agus a athbhreithniú | Socraigh córas rianaithe agus taifeadta, le cinntiú go ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí uile i leith a spriocanna aitheanta:<br>• Ar leibhéal **Scoile Uile (Tacaíocht do Chách)** ó na múinteoirí uile<br>• Ag leibhéil **Tacaíocht Scoile (do dhaltaí áirithe) agus Tacaíocht Scoile Móide (do bheagán daltaí)** ó mhúinteoirí ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta. |

Cuirtear cás-staidéar ó scoil phíolótach ar fáil in Aguisín 3 mar léiriú ar an tslí a úsáideadh an samhail athbhreithnithe leithdháilte chun riachtanais éagsúla sa scoil sin a chomhlíonadh.

Ta treoir agus comhthéacs lei in Aguisín 4 ar chur i bhfeidhim an mhúnla athbhreithne leithdháileadh in iar-bhunscoileanna Gaeilge.

## 5. Conas is féidir le cur chuige scoile uile an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhreisiú?

Déantar dea-chleachtas ó thaobh riachtanas a aithint, pleanáil oideachais agus leithdháileadh múinteoireacht oideachais speisialta a thacú trí phleanáil éifeachtach scoile uile. Tugtar breac-chuntas sa roinn seo ar ghnéithe den chur chuige scoile uile chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Scrúdaítear, leis, príomhghnéithe a bhaineann le:

- Oideachas cuimsitheach
- Pleanáil scoile uile
- Ról an Phríomhoide Scoile:
- Foireann Riachtanas Speisialta Oideachais
- Caidreamh le tuismitheoirí
- Caidreamh le daltaí
- Caidreamh le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha
- Aistrithe

- Forbairt ghairmiúil leanúnach

## Oideachas cuimsitheach

Rinneadh cur síos in NCSE (2011) ar an gcuimsitheacht mar phróiseas trína ndírítear agus ina bhfreagraítear riachtanais éagsúla foghlaimeoirí. Áirítear ann bacainn a bhaint amach, ionas go gcumasaítear do gach foghlaimeoir an leas is fearr agus is féidir a bhaint as a c(h)uid scolaíochta.

Ar aon dul le prionsabail chuimsitheacha, moltar do scoileanna daltaí a chur san áireamh go lánbhríoch i ngrúpálacha ranga príomhshrutha de chumais mheasctha. Cabhraíonn sé sin chun ionchais arda a chruthú agus cumasaíonn sé do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dul i mbun foghlama taobh lena gcuid piaraí. Tá buntáistí ag gabháil le múinteoireacht cumais mheasctha do na daltaí uile agus is cabhair é chun forbairt shóisialta agus phearsanta a chun chun cinn.

Aithníonn an Roinn an dul chun cinn suntasach atá déanta ag scoileanna ó thaobh cleachtais agus soláthar cuimsitheach a fhorbairt, trína bhfreastalaíonn formhór na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu anois ar scoileanna príomhshrutha. Aithnítear, leis, go bhfeadfadh suíomh níos speisialaithe (mar shampla rang speisialta nó socrúchán i scoil speisialta) a bheith de dhíth ar mhionlach daltaí a bhfuil buanriachtanais suntasacha acu.

Ba chóir go léireodh cur chuige na scoile uile chuig soláthar riachtanas speisialta oideachais, tiomantas na Roinne do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú i scoileanna príomhshrutha. Seo iad tréithe scoileanna a bhfuil cultúr láidir cuimsitheachta acu:

- Éiteas dearfach agus timpeallacht foghlama ina mbraitheann gach dalta, daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh, go bhfuil fáilte rompu agus go mothaíonn siad go mbaineann siad le pobal na scoile.
- Béim ar rannpháirtíocht ghníomhach daltaí a chur chun cinn ina gcuid foghlama agus i saol na scoile
- Tiomantas chun scileanna acadúla, sóisialta, mothúchánacha agus maireachtála neamhspleácha daltaí a fhorbairt.
- Fócas ar uaillmhianacha arda agus ar thorthaí gach daltaí a fheabhsú.

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo cleachtas cuimsitheach oideachais a aithint agus a bhreisiú:

| |
|---|
| **Creat Cuimsitheach Oideachais**<br>ncse.ie/inclusive-education-framework<br><br>**Cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu: Seicliosta**<br>www.sess.ie/cpd-audit-tools<br><br>**Dearadh uilíoch don fhoghlaim**<br>www.cast.org/ |

Tairgeann an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta (SESS)[4] oiliúint do mhúinteoirí a bhaineann go díreach le cleachtais chuimsitheacha a chur chun cinn sna hiar-bhunscoileanna. Áirítear ansin:

| | |
|---|---|
| **Seimineár do Phríomhoidí maidir le Conas Foghlaim Chuimsitheach a Threorú - Iar-bhunscoile**<br><br>Is cúrsa lae é seo do phriomhoidí maidir le conas iar-bhunscoil chuimsitheach a threorú agus a bhainistiú.<br><br>http://www.sess.ie/leading-inclusive-learning-principals-seminar-post-primary | **Foghlaim Chuimsitheach a Threorú i Múinteoireacht Acmhainne.**<br>Is cúrsa lae é seo do mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha. Tugann an cúrsa léargas substaintiúil ar chúrsaí múinteoireachta agus foghlama na linne seo, mar aon le comhthéacs le haghaidh pleanáil scoile uile agus pleanáil aonair maidir le múinteoireacht agus foghlaim daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.<br>http://www.sess.ie/leading-inclusive-learning-resource-teaching-post-primary |
| **Féilire Iomlán na gCúrsaí SESS:**<br>http://www.sess.ie/calendar | |

[4] Tá sé beartaithe Seirbhís Tacaíochta de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bhunú trína dtabharfar an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta le chéile. Díreoidh an tseirbhís seo ar fheabhsú a dhéanamh ar chumas scoileanna chun riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhlíonadh.

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta tacaíocht agus oiliúint ar fáil maidir le raon clár coiscthe agus luath-idirghabhála trína bhféachtar le hiompraíocht dhearfach agus foghlaim a chur chun cinn ar fud na scoile trí dhíriú ar scileanna, dearcaí agus eolas sna reimsí seo a leanas a chur chun cinn:

- Iompraíocht chun Foghlama
- Litearthacht Shóisialta agus Mhóthúchánach
- Litearthacht, Uimhearthacht agus Foghlaim
- Folláine

Gheofar tuilleadh faisnéise ag https://www.nbss.ie/

## Pleanáil scoile uile

Agus an modh athbhreithnithe leithdháilte á chur i bhfeidhm chun díriú ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ba chóir do scoileanna cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith pleanáil clár agus cur i bhfeidhm clár luath-idirghabhála agus coiscthe. Chuige sin, ní mór do scoileanna a gcuid polasaithe reatha maidir le riachtanais speisialta oideachais a oiriúnú chun an cur chuige nua i leith leithdháileadh acmhainní a threorú. Baineann cur chuige scoile uile le gníomhaíocht chomhoibritheach ón bpobal scoile (i gcomhairle le tuismitheoirí agus daltaí) chun foghlaim, iompraíocht agus folláine daltaí a fheabhsú. Cuimsionn sé próiseas machnaimh, pleanála agus athbhreithnithe ar pholasaithe agus cleachtais, mar aon le meastóireacht ar an tslí a ndéanann an scoil daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint, na hidirghabhálacha a chuirtear i bhfeidhm agus an tslí a ndéantar monatóireacht agus tomhas ar thorthaí na n-idirghabhálacha sin. Ba chóir go gcuimseofaí i gcur chuige scoile uile contanam iomlán na riachtanas, ó riachtanais éadroma neamhbhuana go buanriachtanais dhiana (mar shampla deacrachtaí suntasacha foghlama, céadfaíocha, fisiciúla, cumarsáide, sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta).

Tá scoileanna tar éis a bheith ag gabháil don phróiseas féinmheastóireachta agus tá taithí acu ar an bpróiseas meastóireachta sé chéim - *Treoirlínte Féinmheastóireachta Scoile 2016 - 2020* (An Roinn, 2016). I Meán Fómhair 2016, d'fhoilsigh an Chigireacht *Ag Féachaint ar Ár Scoil 2016 - Creat Cáilíocht d'Iar-bhunscoileanna* (An Roinn, 2016). Nuair a chuirtear i bhfeidhm é maidir le soláthar scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cuireann na

réimsí agus na ráitis ar chleachtas ar chumas múinteoirí agus ceannairí scoile a gcleachtas a athbhreithniú, an méid atá á dhéanamh go maith acu a aithint, agus gnéithe d'obair na scoile a aithint a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh chun eispéiris agus torthaí foghlama na ndaltaí seo a fheabhsú (Aguisín 5).

Tá Ceistneoir Féinmhachnaimh curtha ar fáil (Aguisín 6) chun cabhrú le scoileanna machnamh a dhéanamh ar an soláthar a dhéanann siad do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Treoirlínte Féinmheastóireachta Scoile d'Iar-bhunscoileanna**

https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/School-Self-Evaluation-Guidelines-2016-2020-Post-Primary.pdf

**Ag féachaint ar ár Scoileanna 2016 -- Creat Cáilíochta do na hIar-bhunscoileanna**

https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Looking-at-Our-School-2016-A-Quality-Framework-for-Post-Primary-schools.pdf

## Ról an phríomhoide scoile

I dtreoirlínte iar-bhunscoile na Roinne ar chuimsiú tugtar breac-chuntas ar ról an phríomhoide scoile chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Deirtear ann "Faoin reachtaíocht reatha, is ar phríomhoide na scoile atá an cúram foriomlán as cinntiú go gcomhlíontar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Dá réir sin, tá freagracht ghinearálta ar an bpríomhoide as forbairt agus feidhmiú polasaithe cuimsitheacha scoile agus as nósanna imeachta maidir le hoideachas do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu' (*Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais: Treoirlínte Iar-bhunscoile,* ROS, 2007, lch. 67).

Áirítear ar ról an phríomhoide:

- Freagracht fhoriomlán a ghlacadh as forbairt agus feidhmiú polasaithe cuimsitheacha scoile agus as nósanna imeachta maidir le hoideachas do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chuige scoile uile i leith measúnú agus scagadh chun riachtanais a aithint agus chun leithdháileadh na dtacaíochtaí cuí a threorú
- Teagmháil éifeachtach a chinntiú le bunscoileanna friothálacha chun tacú le haistriú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Príomhfheidhm a chomhlíonadh, i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta in-scoile, maidir le baill foirne a riar, acmhainní a leithdháileadh, daltaí a eagrú agus tráthchláir a cheapadh
- A chinntiú go mbíonn córais i bhfeidhm chun eolas ábhartha ar riachtanais daltaí a chomhroinnt leis na múinteoir ábhair uile.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí uile a éascú i dtaca le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus cinntiú go mbíonn gach ball d'fhoireann na scoile (múinteoirí ábhair agus múinteoirí oideachais speisialta, gairmchomhairleoirí, cúntóirí riachtanas speisialta) soiléir faoina gcuid ról agus freagrachtaí maidir leis seo
- A chinntiú go mbunaítear nósanna imeachta scoile uile chun teagmháil éifeachtach a éascú le tuismitheoirí, daltaí agus gairmithe/gníomhaireachtaí seachtracha

Agus an samhail nua leithdháilte acmhainne á chur chun feidhme, ba chóir do phríomhoidí dianmhachnamh a dhéanamh ar fhoireann riachtanas speisialta oideachais a bhunú, foireann ag a mbeidh saineolas agus spéis ag na baill san oideachas speisialta ionas gur féidir an soláthar a chomhordú go héifeachtach agus ar shlí sholúbhtha chun raon riachtanas a chomhlíonadh. Faoi réir fhreagrachtaí reachtúla foriomlána an phríomhoide, féadfaidh sé nó sí comhlíonadh freagrachtaí ar leith a tharmligean chuig baill foirne eile, lena n-áirítear baill den bhfoireann riachtanas speisialta oideachais.

## Foireann riachtanas speisialta oideachais

Ba chóir do scoileanna foireann múinteoirí a bhunú a bheidh freagrach as riachtanais speisialta oideachais. Ba chóir an saineolas riachtanach agus rochtain leanúnach ar fhorbairt ghairmiúil a bheith ag baill na foirne seo, chun tacú le riachtanais éagsúla daltaí. Is cabhair é foireann riachtanas speisialta oideachais le cinntiú go mbíonn fáil ag na daltaí sin a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu ar thacaíocht ó mhúinteoirí a bhfuil an taithí agus an saineolas riachtanach acu. Ba chóir don ghairmchomhairleoir a bheith ar an bhfoireann seo chun cabhrú le cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn.

D'fhéadfaí a áireamh ar ról na buíne cur chuige scoile uile i leith riachtanas speisialta oideachais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhorbairt, a chur chun feidhme

agus monatóireacht a dhéanamh air. D'áireofaí anseo nósanna imeachta scoile uile a fhorbairt chun daltaí a roghnú do theagasc fhorlíontach, cabhrú chun straitéisí scoile uile a chun chun feidhme chun an teagasc agus an fhoghlaim a bhreisiú, agus treoir a thabhairt do chomhghleacaithe ar an tslí le pleananna tacaíochta daltaí a chur chun feidhme.

D'fhéadfaí an fhreagracht a shannadh do bhall den bhfoireann riachtanas speisialta oideachais comhordú a dhéanamh ar an soláthar iomlán maidir le riachtanais speisialta oideachais sa scoil agus d'fhéadfadh an té sin na freagrachtaí seo a leanas a ghabháil air/uirthi féin:

- Bailiú, scagadh agus tástáil sonraí a chomhordú
- An t-aistriú ón mbunscoil a phleanáil i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Ról ceannasach a ghlacadh i leith socruithe a dhéanamh chun pleananna tacaíochta do dhaltaí a phleanáil, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú
- Tacú le scaipeadh eolais maidir le riachtanais daltaí ar mhúinteoirí ábhair, teagascóirí ranga agus cinnirí bliana.
- Teagmháil le gníomhaireachtaí eile, NEPS, agus gairmithe comhghaolmhara sláinte
- Teagmháil le tuismitheoirí agus daltaí

Oibreoidh an lárfhoireann go dlúth le múinteoirí ábhair, tuismitheoirí agus le lucht struchtúr tacaíochta eile sa scoil, mar shampla leis an bhfoireann tacaíochta do dhaltaí agus an gairmchomhairleoir. Anuas air sin, is féidir leis an lárfhoireann tacaíocht as cuimse a sholáthar do mhúinteoirí ábhair i dtaca le riachtanais daltaí a chomhlíonadh sa seomra ranga agus i réimsí a n-ábhar féin.

**Cuimsiú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu Treoirlínte Iar-bhunscoile lgh. 67 - 84**

www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_inclusion_students_sp_ed_needs_pp_guidelines_pdf.pdf

## Caidreamh le tuismitheoirí

Is gné chriticiúil é chun torthaí a bhreisiú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dea-chaidreamh a bheith ann le tuismitheoirí. Aithníonn na scoileanna é sin agus feictear é i mórchuid dea-chleachtais agus tionscnaimh a úsáidtear chun dea-chaidreamh le tuismitheoirí a chur chun cinn. Breisíonn sé an caidreamh le tuismitheoirí nuair a théitear i gcomhairle leo maidir le riachtanais agus nearta a gcuid leanaí agus maidir leis na tacaíochtaí agus straitéisí atá á bhforbairt chun tacú lena gcuid leanaí, agus nuair a bhíonn siad rannpháirteach in athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn. Is foinse mhórluachmhar deiseanna é an próiseas Contanam Tacaíochta agus an úsáid a bhaintear as an gComhad Tacaíochta do Dhaltaí chun dul i dteagmháil le tuismitheoirí chun cur chuige comhoibritheach a thógáil i leith riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus freagairt dóibh.

Le cois an chomhairliúcháin i dtaobh riachtanais aonair a gcuid leanaí, is mór ag tuismitheoirí eolas mhaith a fháil ar nádúr agus ar chineál an tsoláthair riachtanais speisialta oieachais atá ar fáil sa scoil. Ba chóir do scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus polasaithe maidir le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu á bhforbairt agus á n-athbhreithniú. Cabhraíonn sé sin le cinntiú go dtuigeann tuismitheoirí an cineál cur chuige atá á ghlacadh ag an scoil agus tugann sé deis níos fearr dóibh tacú lena gcuid leanaí fad a bhíonn siad sa scoil.

Leagtar amach in Aguisín 7 roinnt ceisteanna a d'fhéadfadh scoileanna a úsáid chun machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas reatha ó thaobh dea-chaidreamh a chur chun cinn le tuismitheoirí.

## Caidreamh le daltaí

Is iomaí buntáiste do dhaltaí a ghabhann le dea-chaidreamh agus rannpháirtíocht ina gcuid oideachas féin. Tá tábhacht leis sin, go háirithe i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is féidir leis a dtorthaí acadúla, sóisialta agus mothúchanacha a bhreisiú.

Breisítear an caidreamh nuair a éisteann scoileanna le hábhair spéise, uaillmhianacha agus nearta daltaí agus nuair a fhéachtar le hiad a fhorbairt agus idirghabhálacha oideachasúla á bhforbairt. Is éard a bhíonn i gceist anseo, páirt ghníomhach a thabhairt do dhaltaí i measúnú

comhroinnte ar an bpróiseas foghlama, cuspóirí foghlama comhroinnte a shocrú, agus athbhreithniú comhpháirteach a dhéanamh ar dhul chun cinn. Tacaítear le rannpháirtíocht daltaí trí mhúinteoireacht a fhreagraíonn do riachtanais aonair an fhoghlaimeora, agus breisitear a thuilleadh é trí eispéiris foghlama dúshlánacha, tarraingteacha agus taitneamhacha a leagan amach agus luas oiriúnach a chur fúthu. Tairgeann an Comhad Tacaíochta do Dhaltaí creat úsáideach chun caidreamh le daltaí agus a rannpháirtíocht i ngach céim den phleanáil agus den athbhreithniú oideachais a chur chun cinn.

Ar leibhéal na scoile uile, moltar do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige atá acu i leith caidreamh agus rannpháirtíocht daltaí ionas go mbíonn ag na daltaí uile, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, deiseanna chun a dtuairimí ar shaincheisteanna a dhéanann difear dóibh ar scoil a chomhroinnt, agus ar an tslí sin cur le hathbhreithniú ar pholasaithe agus ar chleachtais ábhartha i scoileanna.
Is féidir na hacmhainní seo thíos a úsaid chun tacú le caidreamh le daltaí.

**Mo Smaointe faoin Scoil (Féach lch. 30 den Chontanam Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna: Paca Acmhainní do Mhúinteoirí)**

www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_pack.pdf

**Féach bileoga oibre i gClár Aistrithe Muintearais Móide + (NBSS)**

www.nbss.ie/interventions-and-projects/behaviour-for-learning/belonging-plus

## Caidreamh le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha

Tá tacaíocht agus treoir ar fáil do mhúinteoirí ó chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha ar nós na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO), Seirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta[5], an Chigireacht agus gairmithe comhghaolmhara sláinte. Tá sé tábhachtach go mbeadh nósanna imeachta / prótacail bunaithe ag scoileanna chun teagmháil a

[5] Tá sé beartaithe Seirbhís Tacaíochta den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bhunú, ina gcorprófar an tSeirbhís Náisiúnta Oideachais Speisialta, An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus Seirbhísí na Múinteoirí Cuartaíochta. Beidh sé ina fhócas ag an tseirbhís seo feabhsú a dhéanamh ar chumas na scoileanna chun riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhlíonadh.

dhéanamh leis na seirbhísí agus na comhlachtaí seo d'fhonn caighdeán an tsoláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bharrfheabhsú ar leibhéal aonair, grúpa, nó scoile uile. Tá tábhacht leis seo go háirithe i gcás na ndaltaí sin a bhfuil buanriachtanais shuntasacha acu agus a bhainfeadh leas as cur chuige ildisciplíne i leith aithint a gcuid riachtanas agus forbairt idirghabhálacha.

Tá riachtanais sláinte agus oideachais araon ag mórchuid daltaí. Leanfaidh na seirbhísí sláinte (an FSS agus seirbhísí a mhaoiníonn an FSS) de ról tábhachtach a bheith acu i luath-aithint, measúnú agus diagnóis, idirghabháil agus athbhreithniú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh scoileanna ar an eolas faoi raon na seirbhísí sláinte atá ar fáil ina gcomharsanacht, lena n-áirítear cosáin atreoraithe. Breisítear an comhordú nuair a bhíonn teagmháil ag na scoileanna agus nuair a chuidíonn siad le measúnú faoi threoir sláinte agus le soláthar idirghabhálacha agus nuair a éascaíonn siad cruinnithe idir tuismitheoirí agus seirbhísí tacaíochta éagsúla. Ba chóir do scoileanna a ndícheall a dhéanamh moltaí ábhartha ó ghairmithe sláinte a chur san áireamh agus pleananna tacaíochta ar gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta á bhforbairt.

## Aistrithe

Is féidir le haistrithe a bheith an-dúshlánach do dhaltaí agus go háirithe i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cabhraíonn dea-phleanáil agus tacaíocht don aistriú chun aistriú rathúil daltaí a chinntiú, ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus ón iar-bhunscoil go dtí suíomhanna breisoideachais. Is iomaí bunscoil agus iar-bhunscoil a bhfuil cleachtais den scoth acu cheana féin chun tacú le daltaí ag pointí éagsúla aistrithe. Mar shampla, féadfaidh múinteoir ainmnithe ón iar-bhunscoil cuairt a thabhairt ar bhunscoil chun saincheisteanna a phlé agus eolas a chomhroinnt i dtaobh an aistrithe go dtí an iar-bhunscoil. I mórchuid cásanna, féadfaidh ball den bhuíon riachtanas speisialta oideachais agus/nó cinnirí bliana teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sula n-aistríonn siad isteach san iar-bhunscoil.

Eagraíonn formhór na n-iarbhunscoileanna laethanta oscailte do dhaltaí a bheidh ag teacht isteach agus dá dtuismitheoirí. Nuair a chuirtear eolas sonrach ar fáil, lena n-áirítear sonraí faoi leagan amach fisiciúil na scoile, róil múinteoirí, tráthchláir, taisceadáin, curaclam, beartais agus nósanna imeachta scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim, is féidir leis a bheith ina

chabhair mhór do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Le linn na chéad seachtaine den téarma, tá an-tábhacht le gníomhaíochtaí ionduchtúcháin a éascaíonn piarmheantóirí, do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Féadfaidh sé fóram tábhachtach a sholáthar do thuismitheoirí le linn an chéad téarma den chéad bhliain., chun eolas a chomhroinnt agus bonn chun caidreamh a thógáil air seisiúin phearsanta. Anuas air sin, is iomaí scoil a eagraíonn cruinnithe eolais ag tús na bliana acadúla chun gur feidir eolas ábhartha maidir le riachtanais speisialta oideachais daltaí a chomhroinnt le múinteoirí ábhair.

Tá tábhacht le pleanáil an aistrithe, leis, chun daltaí a ullmhú do shuíomhanna breisoideachais. I gcás daltaí a bhfuil buanriachtanais acu, tá sé riachtanach dul i mbun pleanála tamall fada roimh an aistriú. De ghnáth, beidh comhairliúchán leis an dalta, a t(h)uismitheoirí agus gairmithe ábhartha seachtracha i gceist anseo.

Tá roinnt acmhainní ar fáil chun tacú le scoileanna dul i mbun pleanála d’aistrithe éifeachtacha.

**Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu chun Aistrithe Rathúla a Dhéanamh**

ncse.ie/wp-content/uploads/2016/02/02156-NCSE-2016-Changing-Schools-Post-primarytoPost-final-08.02.16.pdf

ncse.ie/wp-content/uploads/2016/01/5-NCSE-2016-Supporting-Students-final-web-27.01.16.pdf

ncse.ie/wp-content/uploads/2016/01/4-NCSE-2016-Life-After-School-final-web-27.01.16.pdf

**An Pas Oideachais**

www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Post-primary_Education/Post-primary-Education/Assessment/Report_Card_Templates/transfer/

**An tAistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil**

www.education.ie/en/Schools-colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guidelines-Handouts-and-Tips/Transfer-from-Primary-to-Post-Primary/Transition-to-Post-primary-School-Staff-Room-Notice.pdf

**Leabhrán faoi Aistriú**

www.sess.ie/sites/default/files/Resources/Inclusion/Transition_Booklet.pdf

**Clár Aistrithe an NBSS**

www.nbss.ie/interventions-and-projects/behaviour-for-learning/belonging-plus

## Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)

Tá sé léirithe go seasta ag taighde gurb é caighdeán an teagaisc an ghné is criticiúla chun foghlaim daltaí agus eispéiris oideachais a bhreisiú. Soláthraítear tuilleadh cobhsaíochta i dtaobh leibhéil foirne faoin samhail athbhreithnithe leithdháilte. Is féidir leis sin breisiú a dhéanamh ar acmhainn scoileanna chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. De bhrí go bhfuil freagracht ar gach múinteoir as daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc, tá sé tábhachtach go mbeadh gach ball foirne páirteach in FGL cuí chun cumas na scoileanna freastal ar riachtanais oideachais gach dalta a chur chun cinn.

Ba chóir do scoileanna athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a gcuid riachtanas leanúnacha forbartha gairmiúla ó thaobh teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar sa seomra ranga príomhshrutha agus i suíomhanna oideachais speisialta araon. Ba chóir do cheannairí oideachais a riachtanais oiliúna fein a chur san áireamh d'fhonn cur chuige cuimsitheach scoile uile a fhorbairt i leith soláthar do riachtanais speisialta oideachais. Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as an gceistneoir féinmhachnaimh (Aguisín 6) agus uirlisí iniúchta eile (féach an uirlis iniúchta FGL thíos) chun athbhreithniú a dhéanamh ar a riachtanais forbartha gairmiúla agus chun tionscnaimh oiriúnacha oiliúna a phleanáil. Ba thairbheach an rud é do mhúinteoirí dul isteach i líonraí gairmiúla áitiúla (ina scoil féin agus i dteannta le scoileanna eile) ina féidir dea-chleachtas maidir le riachtanais speisialta oideachais agus feasacht ar mhíchumas, a chomhroinnt agus a chur chun cinn. Is féidir na naisc thíos a úsáid chun tacaíochtaí a fháil ón tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST), ón tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta (SESS) agus ón tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS), nuair a bhíonn sé ar fáil.. Déantar tacaíocht ó NEPS a chur ar fáil tríd an bpróiseas rialta pleanála scoile le síceolaí sannta NEPS.


| | | |
|---|---|---|
| **PDST**<br>www.pdst.ie/sse/p<br><br>JCT<br>Buíon tacaíochta do Chláir Foghlama Leibhéal 2<br>info@jct.ie | **SESS**<br>www.sess.ie/support<br><br>**Uirlis Iniúchta Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach**<br>www.sess.ie/cpd-audit-tools<br><br>**Seirbhís Tacaíocht Oideachais Speisialta** | **An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta**<br>www.nbss.ie/<br><br>NEPS<br>http://www.education.ie/en/ |

| | | |
|---|---|---|
| | www.sess.ie/leading-inclusive-learning-students-special-educational-needs-post-primary-schools-1 | |

# Spriocanna a leagan amach mar chuid den chreat réiteach fadhbanna

| **Conas a dhéanaimid meastóireacht ar spriocanna?** |
| --- |
| Trialacha caighdeánaithe |
| Trialacha Scagtha |
| Breathnóireachtaí |
| Agallaimh |
| Bearta maidir le múinteoirí |
| Seicliostaí |
| Comhairleoireacht |
| Rátálacha |

Meastóireacht ar fhreagra an linbh ar spriocanna mar fhaisnéis don chéad chéime eile den timthriall réiteach fadhbanna




Bailiú eolais agus measúnú a bhíonn mar fhaisnéis ag spriocanna

| **Cén sonraí is féidir cabhrú linn spriocanna a leagan amach?** |
| --- |
| Trialacha caighdeánaithe |
| Trialacha Scagtha |
| Breathnóireachtaí |
| Agallaimh |
| Bearta maidir le múinteoirí |
| Seicliostaí |
| Comhairleoireacht |
| Rátálacha |

| **Scríobhtar spriocanna mar scileanna inmhianaithe atá:** |
| --- |
| Sonrach |
| Intomhaiste |
| Indéanta |
| Ábhartha |
| Am-Teoranta |

**Is ceart spriocanna a leagan amach i dteanga dheifinídeach chun monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a éascú,** *mar shampla:*

*Aithneoidh John an chéad 50 Focal Dolch i gceart, le cruinneas 80%*

*Déarfaidh Sean abairt iomlán ina mbeidh ábhar, briathar agus cuspóir*

*Bainfidh Anne úsáid as a PECS chun briseadh gníomhaíochta a iarraidh*

## Aguisín 2: Plean soláthair scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

**Scoil: ____________________________________ Uimhir Rolla: _______________**

**Scoilbhliain: ______________ Athbhreithnithe: ________________**

**Múinteoireacht Riachtanas Speisialta Oideachais: __________ uair an chloig**

| Ainm an Mhúinteora: | Uaireanta | Breac-chuntas ar an ról agus ar chúraimí |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

<table>
<tr><td colspan="5">Tacaíocht Scoile Uile do Chách:<br>Tabhair breac-chuntas ar idirghabhálacha a cuireadh ar fáil ar leibhéal scoile uile chun dea-iompar agus foghlaim do chách a thacú agus a chur chun cinn</td></tr>
<tr><td colspan="2">Bliainghrúpa</td><td>Cur síos ar an Riachtanas Aitheanta</td><td>Nádúr na dTacaíochtaí</td></tr>
<tr><td colspan="2"></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag fáil idirghabhálacha trí Chreat an Chontanaim Thacaíochta</td></tr>
<tr><td>Tacaíocht Scoile / do dhaltaí áirithe</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ainm an dalta</td><td>Bliainghrúpa</td><td>Cur síos ar an Riachtanas Speisialta Oideachais</td><td>Nádúr na Tacaíochta Litearthacht, uimhearthacht, sóisialta, mothúchánach, iompraíochta, scileanna saoil</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Tacaíocht Scoile Móide / do bheagán daltaí</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>Ainm an dalta</td><td>Bliainghrúpa</td><td>Cur síos ar an Riachtanas Speisialta Oideachais</td><td>Nádúr na Tacaíochta Litearthacht, uimhearthacht, sóisialta, mothúchánach, iompraíochta, scileanna saoil</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

## Aguisín 3: Cás-Staidéar ó thionscadal píolótach

### Comhthéacs Scoile

Is pobalcholáiste é an scoil seo, a oibríonn faoi choimirce an Bhoird Oideachais agus Oiliúna áitiúil. Tá sé suite i mbaile mór agus tá 344 dalta cláraithe ann ó mheascán de 20 bhunscoil uirbeach agus tuaithe. Tá 36 múinteoir agus 2 Chúntóir Riachtanas Speisialta ar an bhfoireann.

### Céim 1:

### Daltaí a bhfuil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint

Ó 2013 is iad na straitéisí measúnaithe a úsáideadh sa scoil seo: scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí a mheasúnú ar thrialacha caighdeánaithe, anailís a dhéanamh ar thuairiscí daltaí Rang a Sé agus breathnú an mhúinteora. Bhain 30% ar an meán de na daltaí STen 3 amach i scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Ní raibh tuairiscí gairmiúla ag cuid de na daltaí chéad bhliana a raibh riachtanais shuntasacha acu. Thug rannpháirtíocht sa tionscadal píolótach seo an deis don scoil ‘féachaint lastall’ den mheasúnú gairmiúil agus díriú ar riachtanais foghlama iarbhír in ionad diagnóise. Chuir sé sin ar chumas na scoile díriú ar ghnéithe nár cuireadh san áireamh i measúnuithe roimhe seo, gnéithe ar nós forbairt scileanna matamaitice.

### Céim 2:

### Spriocanna foghlama a shocrú

Trí a bheith rannpháirteach sa tionscadal píolótach seo, chuir an scoil eolas ar na buntáistí a ghabhann leis an gContanam Tacaíochta agus an Comhad Tacaíochta do Dhaltaí a úáid mar shlí le spriocanna foghlama daltaí a thaifeadadh agus a ndul chun cinn a rianú i gcomparáid leis na spriocanna seo. Chuir an Contanam Tacaíochta ar chumas na scoile cur chuige scoile uile a úsáid agus spriocanna á socrú.

### Céim 3:

### Modhanna agus cineálacha cur chuige múinteoireachta a phleanáil

San iomlán, fuair an scoil amach gur thug rannpháirtíocht sa tionscadal píolótach seo an deis dóibh freagairt níos tapa a thabhairt ar raon riachtanas daltaí. Mar shlí le hacmhainn scoile uile a neartú, d’fhorbair an scoil a chur chuige féin i leith *Measúnú chun Foghlama,* agus chuir i bhfeidhm é. Mar chuid den chur chuige seo, d’aontaigh múinteoirí deich gcinn de straitéisí measúnaithe agus d'iarr siad ar an bhfoireann uile triail a bhaint astu. Sa seisiún machnaimh ag deireadh an tionscadail phíolótaigh, thuairiscigh na múinteoirí go raibh fianaise ann go raibh tionchar dearfach ag an tionscadal ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim.

D’úsáid an scoil cuid dá acmhainní, leis, chun dul i mbun buíonteagaisc. An rud ba thairbhí faoin gcur chuige seo ná gur chuir sé ar chumas na ndaltaí uile sa rang a bheith páirteach, murab ionann agus sa ranga Béarla traidisiúnta cumais mheasctha, áit a bhféadfadh sé nach mbeadh cuid de na daltaí seo a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chomh rannpháirteach céanna.

Ar deireadh, ó thaobh mhúineadh na Matamaitice, d'úsáid an scoil roinnt dá acmhainní múinteoireachta chun idirghabháil spriocdhírithe a sholáthar do ghrúpa beag daltaí a raibh deacrachtaí ar leith acu san ábhar seo.

**Céim 4:**

**Cláir luath-idirghabhála agus coiscthe a eagrú**

Chun tacú le daltaí chéad bhliana a bhí ag teacht isteach, bhunaigh an scoil buíon tacaíochta do dhaltaí. D'fhéach an bhuíon seo ar an aistriú go dtí an chéad bhliain mar phróiseas agus tugadh an cúram dóibh maoirseacht a dhéanamh ar an gclár luath-idirghabhála agus aistrithe do dhaltaí chéad bhliana a bhí ag teacht isteach. Bhí cruinnithe seachtainiúla ag an mbuíon agus féachadh le riachtanais foghlama na ndaltaí a bhí ag teacht isteach a aithint agus straitéisí a chur i bhfeidhm, sonraí a rianú agus a bhailiú (idir shonraí chrua agus bhoga) agus dul chun cinn na ndaltaí a mheas. Ó thaobh tosaíochtaí foghlama a cheapadh, ghlac an bhuíon tacaíochta cur chuige leathan iomlánaíoch agus rinneadh machnamh ar shaincheisteanna sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta agus ar riachtanais foghlama araon.

**Céim 5:**

**Acmhainní múinteoireachta oideachais speisialta a eagrú agus a riar**

Sa chur chuige i leith réiteach tráthchlár, thug an scoil tús áite don soláthar a bhí á dhéanamh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Rinneadh amhlaidh sular leithdháileadh múinteoirí agus ranganna eile agus mar sin bhíothas in ann buíon riachtanas speisialta oideachais a bhunú.

D'aibhsigh rannpháirtíocht na scoile seo sa tionscadal píolótach an gá a bhí le buíon múinteoirí oideachais speisialta a chur le chéile. Is tosaíocht é sin anois don scoil agus thug an modh tuilleadh solúbthachta dóibh chun é sin a dhéanamh.

**Céim 6:**

**Dul chun cinn a rianú, a thaifeadadh agus a athbhreithniú**

Chuir rannpháirtíocht sa tionscadal píolótach ar chumas na scoile féachaint ar a chóras pleanála, rianaithe agus taifeadta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go háirithe daltaí nach raibh measúnaithe gairmiúla déanta ina leith. De thoradh na foghlama sa tionscadal píolótach, d'oibrigh na múinteoirí ar chur chuige nua scoile uile i leith dul chun cinn a phleanáil, a rianú agus a thaifeadadh. Le linn an tionscadail phiolótaigh fuair siad gur éirigh leo an fíordhul chun cinn a mheas trí athmheasúnú a dhéanamh ar dhaltaí ag deireadh aonad oibre nó idirghabhála ar leith. Fuair siad, leis, gur chabhraigh úsáid na sonraí measúnaithe chun pleananna foghlama a threorú chun an próiseas a dhéanamh níos lánbhríche do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí.

**Aguisín 4: Treoirlínte d'iarbhunscoileanna[6] Gaeilge maidir leis an tslí le cur i bhfeidhm an mhodha athbhreithnithe leithdháilte a thacú.**

**An Comhthéacs**

Cuireann oideachas Gaeilge fáilte roimh gach dalta agus freastalaíonn sé ar a gcuid riachtanas, lena n-áirítear riachtanais speisialta oideachais. Freastalaíonn daltaí ó chúlraí éagsúla teangeolaíocha ar scoileanna Gaeilge atá suite i gceantair Ghaeltachta agus Ghalltachta. Tá comhthéacsanna difriúla teangeolaíochta le cur san áireamh laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di, agus laistigh agus lasmuigh de gach rang i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Ní mór do scoileanna na cúlraí sin a aithint agus a chur san áireamh sula leithdháiltear tacaíochtaí.

Ba chóir do scoileanna a bheith meabhrach gur gá tús áite a thabhairt d'fhorbairt inniúlacht na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon agus díriú orthu, i gcomhthéacs an oideachais Ghaeilge. I gcás ina n-aithnítear riachtanais speisialta oideachais i nGaeilge, moltar do scoileanna tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar ionas go mbeidh fáil ag daltaí ar an gcuraclam iomlán (seachas Béarla agus teangacha iasachta) trí mheán na Gaeilge. Moltar, leis, do scoileanna Gaeilge feasacht a mhéadú i measc tuismitheoirí ar na buntáistí a ghabhann leis an dátheangachas agus a thábhachtaí atá sé tacaíochtaí a sholáthar i dteanga na scoile.

Chun tacú le cur chun feidhme an mhodha athbhreithnithe leithdháilte, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna Gaeilge na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ba chóir do scoileanna a bheith meabhrach gur gá an aird chéanna a thabhairt ar fhorbairt inniúlacht litearthachta na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, i gcomhthéacs an oideachais Ghaeilge. Ba chóir riachtanais speisialta oideachais i dteanga amháin nó sa dá theanga a aithint agus díriú orthu dá réir.

- Ba chóir do scoileanna a mbeartais measúnaithe agus oideachais speisialta a athbhreithniú chun riachtanais oideachais daltaí a aithint sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar na trialacha caighdeánacha cuí. Ba chóir do scoileanna torthaí na dtrialacha seo a úsáid chun riachtanais a aithint agus chun an próiseas leithdháilte acmhainní a threorú go cuí.

- Tá sé thar a bheith tábhachtach teagmháil agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí mar chuid den athrú go cur chuige bunaithe ar riachtanais maidir le leithdháileadh acmhainní breise múinteoireachta. Dá réir sin, ba chóir go bhféachfadh múinteoirí a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna Gaeilge le bheith líofa a ndóthain sa Ghaeilge le gur féidir leo dul i gcomhairle go héifeachtach le tuismitheoirí trí Ghaeilge maidir le riachtanais a gcuid leanaí agus cineálacha cur chuige i leith idirghabhálacha, agus chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar

[6] Úsáidtear an téarma *Gaeilge* san aguisín seo chun tagairt a dhéanamh do Ghaelcholáistí agus do scoileanna iar-bhunoideachais sa Ghaeltacht.

dhul chun cinn i gcomhar leo. Is féidir go mbeidh teagmháil le bunscoileanna áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile trí mheán na Gaeilge san áireamh i ról an mhúinteora oideachais speisialta i gcomhthéacs Gaeltachta.

- Moltar do mhúinteoirí i scoileanna Gaeilge an inniúlacht is gá i labhairt agus i scríobh na Gaeilge a shealbhú le go mbeidh ar a gcumas riachtanais daltaí a mheas, spriocanna a shocrú agus cinneadh a dhéanamh ar na hidirghabhálacha is oiriúnaí agus monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí arb í an Ghaeilge a máthairtheanga agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí mheán na Gaeilge; chun tacaíocht in-ranga a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus iad a chumasú chun eolas a lorg agus a chomhroinnt le foireann iomlán na scoile trí mheán na Gaeilge.

- Agus cur chuige scoile uile i leith na litearthachta á fhorbairt, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna riachtanais shóisialta teanga agus riachtanais chognaíocha agus acadúla teanga na ndaltaí san áireamh.

- Moltar do scoileanna tacaíochtaí a sholáthar as Gaeilge ionas go mbeidh fáil ag daltaí ar an gcuraclam trí mheán na Gaeilge. Meastar gur dea-chleachtas é tacaíocht foghlama a sholáthar i nGaeilge (teanga na scoile) agus múinteoireacht oideachais speisialta a sholáthar trí mheán na Gaeilge den chuid is mó.

- I gcomhthéacs an oideachais Ghaeilge, d'fhéadfadh múinteoirí machnamh a dhéanamh ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha maidir le múineadh gach ábhair; chiallódh se sin go bhféadfaí an Ghaeilge agus an t-ábhar curaclaim a mhúineadh in éineacht.

- Moltar do gach múinteoir i scoil Ghaeilge leas a bhaint, mar is cuí, as ábhair acmhainne saincheaptha oideachais teanga a chuireann *An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna (COGG)* ar fáil.

- Ba chóir do scoileanna Gaeilge dul i mbun cumarsáide agus comhair ar leibhéal áitiúil chun a riachtanais leanúnacha forbartha gairmiúla a aithint. Ba chóir na riachtanais sin a phlé leis na seirbhísí tacaíocht d'fhonn teacht a bheith acu ar oiliúint agus chun dea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt.

Nótáiltear i gCiorclán 0013/2017 na Roinne ar Leithdháileadh Múinteoireachta Oideachais Speisialta gur féidir an tacaíocht a thugann scoileanna Gaeilge do dhaltaí chun cabhrú le forbairt litearthachta daltaí a bheith i nGaeilge nó i mBéarla, nó i gcumasc den dá cheann, de réir mar a mheasann an scoil a bheith riachtanach.

Samplaí d'acmhainní a d'fhéadfadh a bheith úsáideach in iar-bhunscoileanna Gaeilge

| Acmhainn | Suíomh Gréasáin |
|---|---|
| Creat Cuimsitheach Oideachais | http://ncse.ie/inclusive-education-framework |
| Paca Acmhainní (Contanam Tacaíochta) | https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/Acmhainni-Foilseachain.html |
| Treoirlínte Ginearálta | http://www.sess.ie/search/node?keys=leagan&=Search |
| Eagraithe Grafaice / Ginearálta | http://www.pdst.ie/sites/default/files/Graphic%20Organiser%20Gaeilge%20Final.pdf |
| Ginearálta | http://www.cogg.ie/eolaire-aiseanna-teagaisc/ |
| Ginearálta | http://www.jct.ie/leagangaeilge/l2lp/cpd_supports_core_workshops.php |
| Fonaic | http://www.maradearfa.ie/<br>https://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html |
| Litearthacht | http://www.breacadh.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=91&Itemid=99 |
| Forbairt na Litearthachta trí chluichí | http://www.breacadh.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=107&Itemid=118 |

**Aguisín 5: Ag féachaint ar ár Scoileanna 2016 -- Creat Cáilíochta do na hIar-bhunscoileanna**

Is féidir go mbeidh na caighdeáin seo a leanas ó ghné múinteoireachta agus foghlama an chreata cáilíochta ina chabhair mhór chun soláthar a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Fearann: Eispéiris foghlaimeoirí**

**Ba chóir go gcuirfí ar chumas gach dalta:**

- Gabháil do ghníomhaíochtaí foghlama lánbhríocha le rún daingean
- Fás mar fhoghlaimeoirí trí idirghabhálacha trína léirítear meas agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil
- Machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus braistint úinéireachta agus freagracht a fhorbairt i leith a gcuid foghlama
- Deiseanna a fháil chun na scileanna agus na dearcaí a bheidh riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt

**Chun é sin a bhaint amach, ba chóir do gach múinteoir:**

- Pleanáil a dhéanamh chun gnóthú na gcuspóirí foghlama ceaptha sa cheacht nó i sraith ceachtanna, a mheasúnú, le measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama.
- Taifid mheasúnaithe a choimeád atá soiléir, úsáideach agus furasta a léirmhíniú agus a chomhroinnt
- Difreáil lánbhríoch a dhéanamh in ábhar agus i ngníomhaíochtaí d'fhonn freastal ar riachtanais agus cumais éagsúla daltaí

**Aguisín 6: Ceistneoir féinmhachnaimh**

# Seirbhísí agus Torthaí Níos Fear do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

# Ceistneoir Féinmhachnaimh

Cuirtear an ceistneoir seo ar fáil mar acmhainn do scoileanna chun an múnla athbhreithnithe leithdháilte a chur chun feidhme. Dearadh an ceistneoir féinmhachnaimh chun cabhrú le scoileanna agus múinteoirí díriú ar na ceisteanna seo a leanas atá leagtha amach sna *Treoirlínte Iar-bhunscoile:*

- Conas is féidir linn riachtanais daltaí a **aithint**?
- Conas is féidir linn riachtanais a **chomhlíonadh**?
- Conas is féidir linn **monatóireacht agus tuairisciú** a dhéanamh ar dhul chun cinn?
- Conas is féidir leis an scoil seo a acmhainní a leithdháileadh chun riachtanais a chomhlíonadh go héifeachtach?
- Conas is féidir le cur chuige scoile uile cur leis an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Ceapadh an ceistneoir d'úsáid na scoile agus ba chóir úsáid a bhaint as mar dhoiciméad dinimiciúil forbraíoch chun cur i bhfeidhm an mhodha athbhreithnithe leithdháilte a threorú sna scoileanna. An rud ab fhearr ná an ceistneoir a líonadh isteach go comhoibritheach sa scoil féin agus é a úsáid chun machnamh agus a plé a spreagadh. Spreagann na leidcheisteanna sa cheistneoir múinteoirí chun a gcleachtas reatha a scrúdú agus aon athruithe a aithint is gá chun an modh athbhreithnithe leithdháilte a chur chun feidhme. Anuas air sin, is féidir go dteastóidh ó scoileanna an ceistneoir a úsáid nó a mhionathrú chun a mbeartais riachtanas speisialta oideachais a athbhreithniú nó chun dul chun cinn i gcur chun feidhme an mhodha athbhreithnithe leithdháilte a mheas. Ní iarrfar ar scoileanna an ceistneoir a chur isteach chuig an Roinn ná d'aon cheann dá gníomhaireachtaí.

## Conas is féidir linn riachtanais daltaí a aithint?

Conas a úsáidfimid an Contanam Tacaíochta agus na Comhaid Tacaíochta do Dhaltaí chun aithint riachtanais daltaí a dhoiciméadú agus a chur chun feidhme de réir a chéile?

- *An gcuirfimid riachtanais aonair san áireamh thar raon leathan riachtanas, lena n-áirítear riachtanais acadúla, sóisialta, cumarsáide, mothúchánacha agus iompraíochta?*
- *An aithneoimid saincheisteanna comhshaoil agus comhthéacs nár mhór a mhionathrú (amhairc, éisteachta, fisiciúil, céadfaíoch)?*
- *Cé chomh minic is a dhéantar pleananna tacaíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú agus cé a bheidh páirteach sa phróiseas seo?*

Conas a bhaileoimid an t-eolas is gá chun ár gcinnteoireacht a threorú ionas gur féidir an leibhéal is airde tacaíochta a sholáthar dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu léi?

- *Cé chomh maith a éiríonn linn eolas ó na bunscoileanna a bhailiú agus a úsáid chun leanúnachas sa soláthar tar éis an aistrithe a chinntiú?*
- *Cad iad na taifid bhreathnóireachta a chabhróidh linn riachtanais a aithint?*
- *Cad iad na cineálacha measúnaithe a chabhróidh linn le scagadh agus aithint riachtanas?*
- *Conas a dhéanfaimid eolas ó dhaltaí, tuismitheoirí, gairmithe seachtracha a chomhtháthú chun cabhrú linn riachtanais a aithint?*

| Cad iad láidreachtaí na scoile? | Cá háit a bhféadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|---|
| | |

| Conas a d’fhéadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|
| |

## Conas is féidir linn riachtanais a chomhlíonadh?

Cad iad na rudaí atá á ndéanamh ag múinteoirí ábhair chun a bpríomhfhreagracht as foghlaim agus folláine na ndaltaí uile ina gcuid ranganna a chomhlíonadh?

- *An bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige i leith riachtanais éagsúla in úsáid ag na múinteoirí uile?*
- *Cad iad na straitéisí a úsáidtear ag leibhéal ranga chun an ceann is fearr a fháil ar bhacainní ar fhoghlaim agus rannpháirtíocht?*
- *Conas a dhéantar an fhoghlaim a mhiondealú ina céimeanna loighciúla agus inbhainistithe le cinntiú go gcuirtear dúshláin chuí foghlama faoin uile dhalta?*
- *Cé chomh fíor is atá sé go bhfuil na ceachtanna comhoibritheach agus teagmhálach?*
- *An bhfuil aon chaighdeáin nó ráitis ar dhea-chleachtas ón tuairisc Ag Féachaint ar ár Scoileanna 2016 a chabhródh linn eispéiris agus torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach i measc ár ndaltaí?*

Conas a chomhoibríonn ár múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoirí ábhair chun riachtanais daltaí a chomhlíonadh agus dul chun cinn daltaí a chinntiú?

- *An úsáidimid cláir luath-idirghabhála sa scoil seo?*
- *Conas a thacaíonn múinteoirí oideachais speisialta le múinteoirí ábhair trí thacaíochtaí in-ranga, tacaíocht ghrúpa agus aistarraingt aonair?*
- *Conas a oibríonn an fhoireann le chéile chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus iompraíochta acu?*

| Cad iad láidreachtaí na scoile? | Cá háit a bhféadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|---|
| | |

| Conas a d'fhéadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|
| |

## Conas is féidir linn <u>monatóireacht agus tuairisciú</u> a dhéanamh ar dhul chun cinn?

An bhfuil cur chuige timthriallach in úsáid againn i leith pleanáil, múinteoireachta agus athbhreithniú as a leanann spriocanna soiléire a bhaineann le riachtanais tosaíochta foghlama ár ndaltaí?

- *Conas a dhéanaimid spriocanna a shocrú agus pleananna tacaíochta a cheapadh dár ndaltaí trína n-aithnítear riachtanais agus trínar féidir monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh orthu?*
- *Conas a chinntímid go bhfuil teacht ag múinteoirí ábhair ar phleananna tacaíochta ar mhaithe lena múinteoireacht ábhair a dhifreáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?*
- *Conas is féidir measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na cláir / idirghabhálacha atá in úsáid againn?*
- *Conas a dhéanaimid monatóireacht ag leibhéal grúpa, ranga agus scoile uile?*
- *Conas a dhéanaimid ár gcleachtas a fhorbairt agus a leathnú?*

Cé leo a dtéimid i gcomhairle agus cad atá i gceist sa mhonatóireacht a dhéantar ar thorthaí/dul chun cinn?

- *Cén pháirt a thugaimid do thuismitheoirí agus daltaí sa mhonatóireacht a dhéantar ar dhul chun cinn?*
- *Conas a thuairiscímid an dul chun cinn atá déanta ag daltaí?*

| **Cad iad láidreachtaí na scoile?** | **Cá háit a bhféadfaimis dul i bhfeabhas?** |
| --- | --- |
| | |

| **Conas a d'fhéadfaimis dul i bhfeabhas?** |
| --- |
| |

<table>
<tr><td colspan="2">Conas is féidir leis an scoil seo a acmhainní a leithdháileadh chun riachtanais a chomhlíonadh go héifeachtach?</td></tr>
<tr><td colspan="2">Conas a aithnímid riachtanais na ndaltaí uile sa scoil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus conas a úsáidimid cur chuige an Chontanaim Thacaíochta le cinntiú go gcuirtear an leibhéal is airde tacaíochta ar fáil do na daltaí is mó a bhfuil gá acu léi?<br>
• An bhféadfaimis an tacaíocht a thugtar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thomhas agus a eagrú tríd an bPlean Soláthair Scoile (Aguisín 2) a úsáid?<br>
• Agus pleananna tacaíochta á gceapadh, conas a úsáidimid an Contanam chun riachtanais foghlama tosaíochta a aithint ag leibhéil Tacaíochta Scoile agus Tacaíochta Scoile Móide araon?<br>
• Cad iad na cineálacha cur chuige agus idirghabhálacha atá in úsáid againn ar leibhéal scoile uile chun tacú le luath-idirghabhálacha agus cosc?<br><br>
Conas is fearr róil agus freagrachtaí a chinneadh ó thaobh tacaíocht a sholáthar do dhaltaí, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus pleananna todhchaí a chur ar fáil do dhaltaí?<br>
• Conas a dhéanfaimid freagrachtaí reatha na múinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama a chumasc le cur chuige na buíne oideachais speisialta?<br>
• An féidir idirghabhálacha a sceidealú agus a chomhordú go héifeachtach agus na rudaí seo a leanas á gcur san áireamh:<br>
  o na hacmhainní atá ar fáil (cur chuige in-ranga, grúpobair agus a laghad aistarraingthe aonair agus is féidir)?<br>
  o leanúnachas na tacaíochta (ionas nach mbíonn líon mór múinteoirí éagsúla ag daltaí aonair)?<br>
  o riachtanais na ndaltaí?<br>
  o ábhair a phéireáil go straitéiseach ar an tráthchlár (m.sh. an litearthacht, an uimhearthacht agus ábhair phraiticiúla a phéireáil le hábhair níos acadúla) chun tuilleadh deiseanna a thabhairt do dhaltaí atá faoi mhíchumas éadrom/measartha a gcuid foghlama sna croí-ábhair a athneartú?</td></tr>
<tr><td>Cad iad láidreachtaí na scoile?</td><td>Cá háit a bhféadfaimis dul i bhfeabhas?</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | |
| Conas a d'fhéadfaimis dul i bhfeabhas? | |
| | |

## Conas is féidir le cur chuige scoile uile cur leis an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Conas is féidir le cur chuige scoile uile cur leis an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

- *Conas a dhéantar cur chuige cuimsitheach a chothú i leith raon na riachtanas éagsúil sa scoil seo?*
- *An bhfuil athbhreithniú déanta againn ar ár gcuid riachtanas leanúnacha forbartha gairmiúla ó thaobh múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar sa seomra ranga príomhshrutha agus i suíomhanna oideachais speisialta araon?*
- *Conas a théimid i gcomhairle le tuismitheoirí maidir leis na tacaíochtaí agus straitéisí a úsáidtear sa scoil seo?*
- *Conas a dhéanaimid gafacht daltaí ina gcuid foghlama agus i saol na scoile a chothú?*
- *Conas is féidir linn tacú le teagmháil daltaí leis an scoil, le múinteoirí agus lena bpiaraí?*
- *An bhfuil nósanna imeachta / prótacail bunaithe againn chun teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta?*
- *Conas is féidir linn buíon riachtanas speisialta oideachais a bhunú a chabhróidh linn tacaíochtaí a chomhordú?*
- *Conas is féidir linn tacú le haistriú éifeachtach daltaí isteach sa scoil seo agus isteach i suíomhanna oideachais eile níos déanaí?*

| Cad iad láidreachtaí na scoile? | Cá háit a bhféadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|---|
| | |



| Conas a d’fhéadfaimis dul i bhfeabhas? |
|---|
| |


**Aguisín 7: Rannpháirtíocht Tuismitheoirí**




Agus machnamh agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar chleachtas reatha scoile ó thaobh caidreamh a chothú le tuismitheoirí, d'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur, ó thaobh **gníomhaíochtaí reatha** agus **gníomhaíochtaí todhchaí**:

- Conas a théimid i gcomhairle le tuismitheoirí agus conas a chuirtear ar an eolas iad faoi nádúr an tsoláthair agus an bheartais riachtanas speisialta oideachais sa scoil seo?
- Conas a théimid i gcomhairle le tuismitheoirí nuair a bhíonn tacaíochtaí oideachais speisialta (m.sh. Tacaíocht Scoile Uile do Chách, Tacaíocht Scoile/do dhaltaí áirithe agus Tacaíocht Scoile Móide/do bheagán daltaí) á moladh dá leanbh?
- An mbíonn tuismitheoirí rannpháirteach i ngach leibhéal de phróiseas an Chontanaim Thacaíochta?
- Cé chomh fíor is atá sé go n-eascaítear cumarsáid rialta le tuismitheoirí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais ag a leanbh?
- Cad iad na bacainní a choiscfeadh tuismitheoirí ó bheith bainteach go hiomlán i dtacú lena leanbh ar scoil? Cad a chabhródh linn deireadh a chur leis na bacainní seo?
- An gcuirimid deiseanna ar fáil do thuismitheoirí chun tuilleadh a fhoghlaim faoi shaincheisteanna oideachais speisialta trí theagmháil le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile?
- Conas is féidir tacú le baill foirne chun caidreamh éifeachtach a bheith acu le tuismitheoirí?

## Doiciméid Acmhainne


<table>
<tr><th colspan="2">D’fhéadfadh na hacmhainní seo a leanas a bheith ina gcabhair d’iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td>Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí a bhfuil Deacrachtaí acu<br><br>www.education.ie/en/Education-Staff/Information/NEPS-Literacy-Resource/neps_literacy_good_practice_guide.pdf</td><td>
</td></tr>
<tr><td>Creat Cuimsitheach Oideachais:<br><br>ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/InclusiveEducationFramework_InteractiveVersion.pdf</td><td>
</td></tr>
<tr><td>Contanam Tacaíochta d’Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí & Paca Acmhainní do Mhúinteoirí<br><br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_pack.pdf<br><br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_teacher_guide.pdf</td><td></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| **Do bhileog ina dtugtar breac-chuntas ar an tslí le daltaí in iar-bhunscoileanna a thacú:**<br><br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/sped_guidelines_pupils_difficulties_pp.pdf | |
| **Foirne Tacaíocht do Dhaltaí sna hIar-bhunscoileanna**<br><br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-Teams-in-Post-Primary-Schools.pdf |  |
| **Cuimsiú Daltaí a bhfuil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu: Treoir Iar-bhunscoile**<br><br>www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/insp_inclusion_students_sp_ed_needs_pp_guidelines_pdf |  |
| **Folláine sna hIar-bhunscoileanna**<br><br>www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Well_Being_PP_Schools_Guidelines.pdf | |

| | |
|---|---|
| |  |
| **Treoirlínte ar Phróiseas an Phlean Aonair Oideachais**<br><br>[www.ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/final_report.pdf](www.ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/final_report.pdf) |  |
| **Comhad Tacaíochta do Dhaltaí**<br><br>[www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-File-Form.docx](www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-File-Form.docx) |  |


**Ciorclán 70/2014**

[www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Archived-Circulars/cl0070_2014.pdf](www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Archived-Circulars/cl0070_2014.pdf)




**Comharthaí**

[www.sess.ie/documents-and-publications/government-agencies/special-education-support-service-signposts](www.sess.ie/documents-and-publications/government-agencies/special-education-support-service-signposts)





**Meiteachognaíocht sa seomra rang - craoladh gréasáin agus acmhainn**

[www.sess.ie/welcome-sess-elearning](www.sess.ie/welcome-sess-elearning)





**Saoráid Iasachtaithe Leabhar ar Líne**

[www.sess.ie/sess-book-borrowing](www.sess.ie/sess-book-borrowing)



**Ciorclán 0034/2015 Ionstraimí Measúnaithe (lena n-áirítear trialacha agus acmhainní bunaithe ar an ngréasán) ceadaithe do threoir agus nó tacaíocht foghlama in iar-bhunscoileanna ó Bhealtaine 2015 nó go bhfógrófar a mhalairt**

[www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0034_2015.pdf](www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0034_2015.pdf)



Rannóg Pholasaí, Curaclaim agus Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Curriculum and Assessment Policy Unit,
Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1

**To: Boards of Management, Principal Teachers and Teaching Staff of Second Level Schools and CEOs of ETBs**

**Assessment Instruments (including tests and web-based resources) approved for use for guidance and/or learning support in post-primary schools from May 2015 until further notice**

**Circular Letter 0034/2015**

1. **Introduction- Purpose of this circular**

This circular provides a list of assessment instruments, including ability and achievement tests and web-based resources that are approved for use in guidance and/or learning-support contexts in post-primary schools.

The tests listed below should be used along with other forms of assessment, for the purpose of informing actions that best address students' learning needs. The circular also provides clarification in relation to the selection and administration of the assessment instruments, the interpretation and retention of assessment information, and the provision of feedback.

The list of assessment instruments is designed to serve as a guide for schools. While the list is based on the most up-to-date information available, it is not intended to be prescriptive or exhaustive. Other assessment instruments which are not listed may also be used if deemed appropriate to identify students' needs.


2. **Types of assessment instruments**

Standardised ability tests (sometimes referred to as psychometric tests) are designed to be curriculum-independent and measure more enduring and long term traits than the attainment

**Seo thíos sampla de raon an eolais agus na n-acmhainní atá ar fáil ón tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta. Gheofar tuilleadh eolais agus acmhainní ag [www.nbss.ie](www.nbss.ie).**

Gheofar in **Ár gcuid Oibre i Scoileanna (Our Work In Schools)** forbhreathnú ar obair na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus na hidirghabhálacha, tionscadail agus tionscnaimh a chuireann scoileanna chun feidhme sna réimsí seo: (a) Iompraíocht chun Foghlama (b) Litearthacht Shóisialta & Mhothúchánach (c) Litearthacht, Teanga agus Foghlaim agus (d) Folláine.

[https://www.nbss.ie/publications-categories/research-guidelines-articles](https://www.nbss.ie/publications-categories/research-guidelines-articles)



National Behaviour Support Service

The NBSS in Schools

~ Promoting & Supporting Behaviour for Learning ~

A Brief Overview of Our Work in Schools

The NBSS Model of Support to Schools



All work undertaken aims to promote positive behaviour and learning throughout the school

The NBSS promotes and supports positive Behaviour for Learning through the provision of a systematic continuum of support grounded in evidence-based practice. The NBSS offers three levels of behaviour support to post primary schools:

- **Level 1:** School-wide Support
- **Level 2:** Targeted Intervention
- **Level 3:** Intensive, Individualised Support

This model of support draws extensively from Positive Behavioural Interventions and Supports – PBIS, Response to Intervention- RtI and the Comprehensive, Integrated, Three-Tiered Model of Prevention – CI3T frameworks. The integration of these frameworks offers opportunities to address the behavioural needs as well as the social, emotional and academic needs of students effectively, with interventions at different levels of intensity and support.


All work undertaken aims to promote positive behaviour and learning throughout the school by focusing on developing:

- **Behaviour for Learning Skills**
- **Social and Emotional Literacy Skills**
- **Academic Literacy, Learning and Study Skills**
- **Positive Health and Wellbeing Skills.**

**Treoirlínte na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta Leibhéal 1** ina bhféachtar ar conas córais scoile uile tacaíochta a bhunú agus cur chuige comhpháirteach a fhorbairth i leith timpeallacht foghlama shábháilte, dhearfach agus éifeachtach a chruthú do na foghlaimeoirí uile.

[https://www.nbss.ie/model-of-support](https://www.nbss.ie/model-of-support)



| | |
|---|---|
| **Seicliosta na Timpeallachta Foghlama** a dearadh chun cabhrú le múinteoirí réimsí i dtimpeallacht na scoile a aithint ina bhféadfadh iompraíocht a bheith ina údar imní. Clúdaíonn sé raon topaicí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar daltaí, lena n-áirítear beartais scoile uile, an timpeallacht fhisiciúil, eagrú an tseomra ranga agus cineálacha cur chuige agus straitéisí múinteoireachta agus foghlama.<br><br>http://www.nbss.ie/publications-categories/research-guidelines-articles?page=1 |  |
| Sa bhileog **Straitéisí Dearfacha Iompraíochta** gheofar straitéisí praiticiúla chun déileáil le cur isteach ar leibhéal íseal go meánach.<br><br>https://www.nbss.ie/publications-categories/behaviour-for-learning-resources-publications |  |
| In **Tacaíocht Litearthachta & Teanga Acadúil na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta** gheofar liosta idirghabhálacha agus acmhainní chun príomhscileanna agus straitéisí litearthachta, teanga agus foghlama a fhorbairt le ranganna, grúpaí agus daltaí aonair.<br><br>https://www.nbss.ie/publications-categories/literacy-language-learning-resources-publications<br><br>https://www.nbss.ie/nbss-model-of-support/level-1-school-wide-support-for-all-students/literacy-learning-wellbeing |  |